



IONSTRAIMÍ REACTÚLA.

I.R. Uimh. 584 de 2019



RIALACHA NA nUASCHÚIRTEANNA (COSTAIS), 2019

[An tiontú oifigiúil]

I.R. Uimh. 584 de 2019

RIALACHA NA nUASCHÚIRTEANNA (COSTAIS), 2019

De bhua na gcumhachtaí a thugtar dúinn leis an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, alt 36, agus leis an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, alt 68 (mar a chuirtear chun feidhme iad le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, alt 48), leis an Acht Aturnaetha (Leasú), 1960, alt 25(2), le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, alt 14, leis an Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ailt 143, 152(1), 154 agus 163 agus de bhua gach cumhachta eile lena gcuirtear seo ar ár gcumas, déanaimidne, Coiste Rialacha na nUaschúirteanna, a bunaíodh de bhun fhorálacha an Achta Cúirteanna Breithiúnais, 1936, alt 67, agus a athbhunaíodh de bhun fhorálacha an Achta Cúirteanna Breithiúnais, 1953, alt 15, leis seo, na Rialacha Cúirte seo a leanas.

Arna dhátú an 9ú lá seo de Dheireadh Fómhair, 2019

Frank Clarke	Stuart Gilhooly
George Birmingham	John Mahon
Peter Kelly	
Elizabeth Dunne	
Michael Peart	
Teresa Pilkington	
Conor Dignam	
Gráinne Larkin	

Comhthoilím leis na Rialacha Cúirte seo a leanas a dhéanamh,
an 20 Samhain 2019

CATHAL Ó FLANNAGÁIN,
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

I.R. Uimh. 584 de 2019

RIALACHA NA nUASCHÚIRTEANNA (COSTAIS), 2019

1. (1) Tiocfaidh na Rialacha seo, arb é Rialacha na nUaschúirteanna (Costais), 2019, is teideal dóibh, i ngníomh an 3^ú lá de Nollaig, 2019.

(2) Forléireofar na Rialacha seo i dteannta Rialacha na nUaschúirteanna.

(3) Féadfar Rialacha na nUaschúirteanna, 1986 go 2019, a ghairm de Rialacha na nUaschúirteanna arna leasú leis na Rialacha seo.

2. (1) Más rud é, roimh an lá ar tháinig alt 165(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, i ngníomh, gur tarchuireadh ábhar lena fhómhas agus go raibh éisteacht ar an ábhar, leanfar leis an ábhar agus cinnfear é, de réir an fho-ailt sin, amhail is nach mbeadh na Rialacha seo tar éis teacht i ngníomh.

(2) Más rud é, roimh an lá ar tháinig alt 165(2) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, i ngníomh, gur tugadh breith ar ábhar a tarchuireadh lena fhómhas, déanfar aon athbhreithniú ar an mbreith a sheoladh agus a chinneadh, de réir an fho-ailt sin, amhail is nach mbeadh na Rialacha seo tar éis teacht i ngníomh.

(3) Más rud é, roimh an lá ar tháinig alt 165(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, i ngníomh, gur tarchuireadh ábhar lena fhómhas ach nach raibh éisteacht ar an ábhar fós, déileálfar leis an ábhar amhail is dá mb'éard a bhí sa tarchur iarratas ar bhreithniú costas dlí arna dhéanamh faoi alt 154 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, agus de réir Ordú 99 de Rialacha na nUaschúirteanna (arna leasú leis na Rialacha seo) an lá ar tarchuireadh an t-ábhar lena fhómhas agus:

- (i) déileálfar leis an dáta ar a mbeidh an t-ábhar lena fhómhas arna liostú den chéad uair mar an dáta a mbeidh an t-iarratas ar bhreithniú faoi alt 154 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, le cur ar ais, agus
- (ii) ar an dáta fillte sin, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí na cumhachtaí go léir a thugtar leis an Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, agus le hOrdú 99 de Rialacha na nUaschúirteanna (arna leasú leis na Rialacha seo) a fheidhmiú i ndáil leis an mbreithniú.

3. Leasaítear Rialacha na nUaschúirteanna:

- (i) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 1 d'Ordú 19:

“1. (1) Déanfaidh an gearánaí, faoi réir fhorálacha Ordú 20, agus san am agus sa tslí a fhorordaítear san ordú sin, ráiteas ar a éileamh, agus ar an bhfaoiseamh nó an leigheas a mbeidh sé ag éileamh é a bheith ina theideal, a sheachadadh ar an gcosantóir.

*Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 26 Samhain, 2019,
á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtuil seo.*

(2) Déanfaidh an cosantóir, faoi réir fhorálacha Ordú 21, agus san am agus sa tslí a fhorordaítear san ordú sin, a chosaint, a fhritháireamh nó a fhrithéileamh (más ann) a sheachadadh ar an ngearánaí.

(3) Déanfaidh an gearánaí, faoi réir fhorálacha Ordú 23, agus san am agus sa tslí a fhorordaítear san ordú sin, a fhreagra (más ann) a sheachadadh ar an gcosaint, ar an bhfritháireamh nó ar an bhfrithéileamh sin.

(4) Beidh na ráitis sin chomh haicearrach agus is féidir sa chás, agus déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí, ag breithniú chostais na caingne dó, ar thionscnamh aon pháirtí, nó féadfaidh sé gan aon iarraidh, réasúntacht an chostais a bhaineann le haon phléadáil den sórt sin a ullmhú agus le freagra a thabhairt uirthi, a fhiosrú, agus a ordú aon chostais a bheidh tagtha den mhírreasúntacht sin a bheith le híoc ag an bpáirtí sin.”;

- (ii) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (i) agus (ii) faoi seach d’fho-riail (8) de riail 10 d’Ordú 22:

“(i) Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí costais an ghearánaí nó, má tá níos mó ná gearánaí amháin ann, costais na ngearánaithe go léir in aon chúis nó ábhar den sórt sin, nó na costais a bhainfidh leis na héilimh sa chúis nó san ábhar sin nó a leanfaidh astu, a bhreithniú amhail idir páirtí agus páirtí, fad a bhainfidh le costais a n-ordófar don chosantóir nó d’aon pháirtí eile sa chúis nó san ábhar sin iad a íoc leis an ngearánaí nó leis na gearánaithe sin.

(ii) Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí costais (más ann) an ghearánaí nó, má tá níos mó ná gearánaí amháin ann, costais na ngearánaithe sin go léir nach n-ordófar iad a bheith le híoc ag aon pháirtí eile nó a bheith inghnóthaithe ó aon pháirtí eile, a bhreithniú amhail idir dlí-chleachtóir agus cliant ar fhógra a bheith tugtha don *Aturnae Ginearálta do Choimircithe Cúirte*. Má tá aon chuid de na costais sin iníoctha ag aon pháirtí aosach sa chúis nó san ábhar agus an páirtí sin a bheith *sui juris*, deimhneoidh an Breithneoir Costas Dlí méid na coda sin agus na codanna a bheidh iníoctha ag an naíon nó ag an duine mímhheabhrach sin. Ní bheidh aon chostais seachas na cinn a dheimhneofar amhlaidh iníoctha leis an *aturnae thar ceann aon ghearánaí sa chúis nó san ábhar*.”;

(iii) tríd an riall seo a leanas a chur in ionad riall 3 d'Ordú 31:

“3. Le linn costais na cúise nó an ábhair a bhreithniú, déanfar fiosrúchán, ar thionscnamh aon pháirtí, ar réasúnacht na hagarcheisteanna sin a fhoilseánú. Más é tuairim an Bhreithneora Costas Dlí nó na Cúirte, le hiarratas nó gan iarratas ar fhiosrúchán, na hagarcheisteanna sin a bheith foilseánaithe go neamhréasúnach, is é an páirtí a chinnfear gur iompair sé é féin go míréasúnach a íocfaidh in aon chás na costais a bheidh tagtha de na hagarcheisteanna sin agus na freagraí orthu.”;

(iv) tríd an riall seo a leanas a chur in ionad riall 25 d'Ordú 31:

“25. I ngach cúis, nó ábhar, déanfar, ach amháin mar a chomhaontófar a mhalairt idir na páirtithe nó mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, costais an fhollasaithe, trí agarcheisteanna nó eile, a cheadú, mar chuid de chostais an pháirtí a mbeidh follasú á iarraidh aige, amhail idir páirtí agus páirtí nó idir dlí-chleachtóir agus cliant.”;

(v) tríd an riall seo a leanas a chur in ionad riall 2 d'Ordú 32:

“2. Féadfaidh ceachtar páirtí iarraidh ar an bpáirtí eile aon doiciméad a admháil, lasmuigh de gach eisceacht chóir. Má dhiúltaítear nó má fhaillítear é a admháil, tar éis an fhógra sin, is é an páirtí a bheidh ag failliú nó ag diúltú amhlaidh a íocfaidh costais chruthaithe aon doiciméad den sórt sin, cibé toradh a bheidh ar an gcúis nó ar an ábhar, mura ndeimhneoidh an Chúirt sa triail nó ag an éisteacht é a bheith réasúnach diúltú na doiciméid sin a admháil. Ní cheadófar aon chostais chun aon doiciméad a chruthú mura mbeidh an fógra sin tugtha, ach amháin más é tuairim an Bhreithneora Costas Dlí gur sábháil chostais é gan an fógra a thabhairt.”;

(vi) tríd an riall seo a leanas a chur in ionad riall 4 d'Ordú 32:

“4. Féadfaidh aon pháirtí, le fógra i scríbhinn, tráth ar bith nach déanaí ná naoi lá roimh an lá dá mbeidh fógra trialach

tugtha, iarraidh ar aon pháirtí eile aon fhíoras sonracha nó aon fhíorais shonracha a bheidh luaite san fhógra sin a admháil chun críocha na cúise nó an ábhair nó na saincheiste agus chun na gcríoch sin amháin. I gcás go ndiúltaítear nó go bhfaillítear an fíoras nó na fíorais sin a admháil laistigh de shé lá tar éis an fógra sin a sheirbheáil, nó laistigh de cibé tréimhse ama bhreise a cheadóidh an Chúirt, is é an páirtí a bheidh ag failliú nó ag diúltú amhlaidh a íocfaidh na costais a bhaineann leis an bhfíoras sin nó leis na fíorais sin a chruthú, cibé toradh a bheidh ar an gcúis nó ar an ábhar nó ar an tsaincheist, mura ndeimhneoidh an Chúirt sa triail nó ag an éisteacht é a bheith réasúnach diúltú an fíoras nó na fíorais sin a admháil, nó mura n-ordóidh nó mura dtreoróidh an Chúirt a mhalairt tráth ar bith. Aon admháil a dhéanfar de bhun an fhógra sin measfar í a bheith déanta chun críocha na cúise nó an ábhair nó na saincheiste áirithe, agus chun na gcríoch sin amháin, agus nach mar admháil lena húsáid i gcoinne an pháirtí ar aon ócáid eile nó i bhfabhar aon duine seachas an páirtí a mbeidh an fógra á thabhairt aige. Féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith, a cheadú d'aon pháirtí aon admháil a bheidh déanta amhlaidh a leasú nó a tharraingt siar ar cibé téarmaí is cóir leis an gCúirt. Is é a íocfaidh na costais agus na caiteachais sin go léir arb é, i dtuairim an Bhreithneora Costas Dlí nó na Cúirte, neamhsheirbheáil an fhógra sin ag aon pháirtí is cúis leo, an páirtí nach ndearna an fógra sin a sheirbheáil, cibé toradh a bheidh ar an gcúis nó ar an ábhar nó ar an tsaincheist, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.”;

(vii) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 3 d’Ordú 40:

“3. Is é teideal a chuirfear ar gach mionnscribhinn ná maidir leis an gcúis nó leis an ábhar ina mionnófar í. I ngach cás ina mbeidh níos mó ná gearánaí nó cosantóir amháin, is leor ainm iomlán an chéad ghearánaí nó an chéad chosantóra, faoi seach, a lua, agus a lua gearánaithe nó cosantóirí eile, de réir mar a bheidh, a bheith ann.”;

(viii) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 10 d’Ordú 41:

“10. Déanfar na suimeanna a bheidh le lua amhlaidh i leith cíosa, mura bhfionnfar go cuí ar dhóigh eile iad, agus na costais faoi seach, a fhionnadh:

(a) i leith cíosa, le mionnscríbhinn ón ngearánaí, óna ghníomhaire, óna ghlacadóir, nó óna chléireach, tráth taifeadta an bhreithiúnais, agus

(b) i leith costas (mura mbeidh siad tomhaiste ag an gCúirt), le deimhniú ón mBreithneoir Costas Dlí ar na costais sin, tráth ar bith sula n-eiseofar ordú seilbhe nó sula seirbheálfar fógra faoin *Land Law (Ireland) Act, 1887, alt 7.*”;

(ix) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 2 d’Ordú 55:

“2. Beidh cumhacht ag an Scrúdaitheoir, chun críche aon imeachtaí os a chomhair, fógráin a eisiúint, páirtithe agus finnétithe a thoghairm, daoine a chur faoi mhionn, a cheangal doiciméid a thabhairt ar aird, mionnscríbhinní agus admhálacha a thógáil, agus, i gcás inarb é a bheidh i gcuntas, go páirteach, bille costas, a iarraidh ar an mBreithneoir Costas Dlí cabhrú leis na costais sin a shocrú tríd an mbille sin a bhreithniú, agus, nuair a ordóidh an Chúirt dó sin a dhéanamh, na páirtithe agus na finnétithe a cheistiú ar agarcheisteanna nó *viva voce.*”;

(x) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 13 d’Ordú 58:

“13. Ar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí, measfar ús a bheith ceadaithe i leith cibé tréimhse ama a mbeidh moill curtha ar fhorghníomhú leis an achomharc, mura n-ordóidh an Chúirt Uachtarach a mhalairt. Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí nó an t-oifigeach cuí eile an méid breise úis a ríomh gan aon ordú chun na críche sin.”;

(xi) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 12 d’Ordú 61:

“12. Déanfaidh an Cláráitheoir Contae cuí costais achomharc, nuair a tharchuirfear iad lena bhfómhas, a fhómhas (agus chun na críche sin beidh cumhachtaí uile Breithneora Costas Dlí aige). Déanfar na costais sin, faoi réir aon ordachán speisialta ón gCúirt, a fhómhas de réir an scála a bheidh infheidhme maidir le caingean nó ábhar arna thionscnamh nó arna thionscnamh, nó arna héisteacht nó arna éisteacht, sa Chúirt Chuarda, i dteannta aon eisíoca is gá agus na n-ítimí atá leagtha amach i gCuid III de scálaí na gcostas i bhFoscríbhinn W. Is le fógra foriarratais chun na hArd-Chúirte ina suí di i mBaile Átha Cliath a dhéanfar aon

iarratas chun fómhas a bheidh déanta faoin rial seo a athbheithniú agus seirbheálfar é ar na páirtithe go léir dá ndéanfaidh an t-iarratas difear agus taiscfear sa Phríomh-Oifig é laistigh de dheich lá ó dháta an deimhnithe fómhais. Sonrófar san fhógra foriarratais na hábhair nó na hítimí nó na codanna díobh a mbeifear ag agóid ina gcoinne, maille leis na forais agus na fáthanna leis an agóid sin. Déanfar cóip den fhógra foriarratais a tharchur láithreach ón bPríomh-Oifig chuig an gCláraitheoir Contae chun a thuarascáil nó a thuairim a fháil air. Le linn costais a fhómhas faoin rial seo, tabharfaidh an Cláraitheoir Contae aird ar na costais a bheidh ceadaithe, nó incheadaithe, i leith éisteacht an cháis sa Chúirt Chuarda, i dteannta na bprionsabal a shonraítear i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015”;

(xii) trí “Ordú 99, rial 4” a chur in ionad “Ordú 99, rial 2” i mír (xiv) de rial 2 d’Ordú 61A;

(xiii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (28) de rial 1 d’Ordú 63:

“(28) Ordú seacht lá chun costais a íoc nó urrús a thaisceadh ar dheimhniú nó ar thuarascáil ón mBreithneoir Costas Dlí i gcúiseanna nó in ábhair maidir le pósadh.”;

(xiv) tríd an rial seo a leanas a chur in ionad rial 98 d’Ordú 67:

“98. Faoi réir aon ordaithe a dhéanfaidh an Breitheamh san ábhar, féadfaidh an Cláraitheoir a ordú go ndéanfar aon bhille costas in aon imeacht faoin Acht a tharchur chuig an mBreithneoir Costas Dlí lena bhreithniú agus déanfaidh seisean an méid a bheidh dlite air a bhreithniú agus a dheimhniú in am trátha amhail is dá mbeifí tar éis a ordú dó é sin a dhéanamh le hordú ón mBreitheamh.”;

(xv) trí na rialacha seo a leanas a chur in ionad rialacha 74 go 77, go huile, faoi seach, d’Ordú 70:

“74. Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí gach bille costas i leith gnó i gcúiseanna agus in ábhair maidir le pósadh a bhreithniú.

75. Tar éis ordacháin a bheith tugtha i dtaobh modha éisteachta nó trialach cúise, nó i gcéim níos luaithe de chúis, más rud é go ndéanfar imthosca speisialta a shuíomh, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas le foriarratas ó bhanchéile is achainíoch nó a mbeidh láithreas taifeadta aici (mura rud é go gcruthóidh an fearchéile eastát leordhóthanach ar leith a bheith ag an mbanchéile nó mura ndéanfaidh sé cúis mhaith eile a shuíomh), ordú a dhéanamh á ordú don fhearchéile costais an bhanchéile a íoc i leith na cúise suas go dtí dáta an iarratais sin, maille lena costais bhreise *de die in diem* suas go dtí an triail nó an éisteacht, agus á ordú don Bhreithneoir Costas Dlí na costais sin a bhreithniú agus, tráth an bhreithnithe sin (má bhíonn ordacháin tugtha roimh an mbreithniú sin i dtaobh an mhodha éisteachta nó trialach), a fhionnadh agus a dheimhniú cén tsuim airgid is leor a íoc isteach sa Chúirt nó cén t-urrús is leor don fhearchéile a thabhairt faoi chomhair chostais an bhanchéile a bhainfidh agus a ghabhfaidh le héisteacht nó triail na cúise.

76. I ngach cás ina ndéanfaidh an Chúirt, tráth éisteachta cúise, a ordú d'aon pháirtí san agra costais an pháirtí eile a íoc, féadfaidh aturnae an pháirtí a mbeidh na costais sin le híoc leis a bhille costas a thaisceadh láithreach agus dáta fillte a fháil don bhreithniú, ar an gcoinníoll nach ndéanfar an breithniú sin sula mbeidh an tréimhse ama a bheith ceadaithe chun triail nua a iarraidh, nó chun achomharc a dhéanamh, caite.

77. Nuair a bheidh a dheimhniú cinnidh, nó a dheimhniú i dtaobh urrúis, sínithe ag an mBreithneoir Costas Dlí, féadfaidh an páirtí a mbeidh an deimhniú sin á fháil aige é a thaisceadh sa Phríomh-Oifig, agus eiseoidh an Máistir ordú láithreach chun an tsuim a íoc nó urrús a thabhairt laistigh de sheacht lá. Seirbheálfar an t-ordú sin ar an bpáirtí a bheidh faoi dhliteanas nó ar a aturnae, ach ní eiseofar aon fhorghabháil chun an íocaíocht sin a chur i bhfeidhm mura rud é go bhfaighfear cead ón gCúirt.”;

(xvi) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d’fho-riail (1) de riail (3) d’Ordú 77:

“(a) ainm gach duine a mbeidh aon chistí le híoc leis, le haistriú chuige nó le seachadadh air, mura rud é go mbeidh an t-ainm le lua i ndeimhniú ón Scrúdaitheoir, ón gClár-aitheoir nó ón mBreithneoir Costas Dlí, nó mura rud é go mbeidh an íocaíocht sin le déanamh le hiontaobhaithe nó

daoine eile i gcomharbas, nó an t-aistriú sin le déanamh chucu nó an seachadadh sin le déanamh orthu, nó le hionadaithe nó chuig ionadaithe nó ar ionadaithe, nuair nach mbeidh aon phrobháid nó litreacha riaracháin bainte amach ar dháta an ordaithe;”;

(xvii) tríd an bhfo-riail seo a leanas a chur in ionad fho-riail (1) de riail 8 d’Ordú 77:

“(1) I gcás ina n-ordófar le hordú aon suimeanna a fhionnadh le deimhniú ón Scrúdaitheoir, ón gCláraitheoir nó ón mBreithneoir Costas Dlí, nó ar aon slí eile, agus an Cuntasóir do dhéileáil leo dá éis sin, saineofar sin i sceideal na n-íocaíochtaí. Cuirfear an deimhniú sin, nó an t-údarás eile, nó cóip fhianaithe den chéanna, nó den mhéid sin de is gá (seachas i gcás ina mbeidh sé údaraithe an céanna a tharchur go leictreonach de réir fho-riail (2)) chuig an gCuntasóir. Is i bhFoirm Uimh. 4 i bhFoscríbhinn P a bheidh an deimhniú sin.”;

(xviii) tríd an bhfo-riail seo a leanas a chur in ionad fho-riail (1) de riail 9 d’Ordú 77:

“(1) I gcás ina n-ordófar le hordú aon chostais a mbeidh ordaithe iad a bhreithniú a íoc as ciste sa Chúirt, luafaidh an Breithneoir Costas Dlí ina dheimhniú cinnidh ainm agus seoladh an duine a mbeidh na costais sin iníochta leis. Seachas i gcás ina n-údarófar deimhniú lena tharchur go leictreonach faoi fho-riail (2), is i bhFoirm Uimh. 5 i bhFoscríbhinn P a bheidh an deimhniú sin, agus cuirfear cóip fhianaithe de chuig an gCuntasóir.”;

(xix) trí na rialacha seo a leanas a chur in ionad rialacha 10 agus 11 faoi seach d’Ordú 77:

“10. Féadfár, mura n-ordófar a mhalairt leis an ordú, ús arna dheimhniú ag an Scrúdaitheoir nó ag an mBreithneoir Costas Dlí a ríomh go dtí lá tar éis dháta an deimhnithe agus a ainmneofar ann mar an lá le haghaidh íocaíochta, d’fhonn tréimhse ama réasúnach a thabhairt le gach gníomh is gá a dhéanamh chun a chumasú an íocaíocht a dhéanamh. Féadfaidh an Scrúdaitheoir nó an Breithneoir Costas Dlí a cheangal ráiteas i scríbhinn faoin ríomh sin, arna fhíor-dheimhniú le síniú an aturnae ar a mbeidh cúram an ordaithe, a thabhairt ar aird sula n-ullmhófar an deimhniú,

ach ní bheidh aon mhionnscribhinn ag fíorú an ríofa sin ag teastáil.

11. Nuair a ordófar le hordú ús a íoc i leith aon airgid sa Chúirt, gan bheith deimhnithe ag an Scrúdaitheoir, ag an gCláráitheoir, ag an mBreithneoir Costas Dlí nó ag duine eile, déanfar an ráta úis, an tréimhse dá mbeidh sé le ríomh nó (i gcás nach féidir an tréimhse sin a shocrú leis an ordú) an lá óna mbeidh sé le ríomh, agus méid an úis sin (más infhionnta ar dháta an ordaithe é) a lua i sceideal na n-íocaíochtaí.”;

(xx) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 16 d’Ordú 77:

“16. Nuair a bheidh duine a n-ordófar cistí sa Chúirt a íoc leis, a aistriú chuige nó a sheachadadh air i dteideal na gcistí sin mar eastát réadach, nó mar iontaobhaí, mar sheiceadóir, mar riarthóir nó ar shlí eile seachas as a cheart féin nó chun a úsáide féin, luafar sa sceideal íocaíochtaí a bheidh ag gabháil leis an ordú, nó sa deimhniú ón Scrúdaitheoir nó ón mBreithneoir Costas Dlí, é a bheith i dteideal an chéanna mar eastát réadach, nó luafar ann an cháil ina mbeidh sé ina theideal amhlaidh.”;

(xxi) tríd an riail agus an fho-riail seo a leanas a chur in ionad riail 43 agus fho-riail (1) faoi seach de riail 44 d’Ordú 77:

“43. Nuair a ordófar le hordú cistí sa Chúirt a íoc le haon duine, nó a aistriú chuige nó a sheachadadh air, is duine a bheidh ainmnithe nó a mbeidh a thairisc tugtha in ordú, nó i ndeimhniú ón Scrúdaitheoir nó ón gCláráitheoir nó ón mBreithneoir Costas Dlí (ach amháin duine a mbeidh sé sainithe san ordú nó sa deimhniú é a bheith i dteideal na gcistí sin mar eastát réadach, nó é a bheith ina dteideal mar iontaobhaí, mar sheiceadóir nó mar riarthóir, nó ar shlí eile seachas as a cheart féin, nó chun a úsáide féin), féadfar na cistí sin, nó aon chuid díobh a bheidh gan íoc nó gan aistriú nó gan seachadadh de thuras na huair, mura n-ordófar a mhalairt san ordú, ar bhás an duine sin a chruthú, cibé acu ar dháta an ordaithe sin nó dá éis sin – nó, i gcás íocaíochta a mbeidh ordaithe í a dhéanamh le creidiúnaithe, scair-shealbhóirí nó bintiúraigh, sa cháil sin dóibh, roimh dháta an ordaithe sin – a íoc le hionadaí pearsanta dlíthiúil an duine éagtha sin, nó leis na daoine díobh is marthanóirí nó leis an duine díobh is marthanóir, nó a aistriú chuig an ionadaí sin nó an marthanóir nó na marthanóirí sin nó a

sheachadadh air nó orthu. Mura mbeidh aon riarachán bainte amach i leith duine éagtha agus é i dteideal cistí as a cheart féin nó a mbeidh ordaithe na cistí sin a íoc lena ionadaithe pearsanta dlíthiúla arna dhéanamh sin díobh, nó a aistriú chucu nó a sheachadadh orthu, agus go mbeidh an duine sin tar éis éag ina dhíthiomnóir le sócmhainní nach mó ná €25,000 a luach, lena n-áireofar méid na gcistí a mbeidh ordaithe déileáil leo, féadfar na cistí sin a íoc leis an duine a bheadh, mar bhaintreach fir, baintreach, leanbh, athair, máthair, deartháir nó deirfiúr an éagaigh, i dteideal deonú riaracháin d'eastát an éagaigh a fháil, nó féadfar iad a aistriú chuig an duine sin nó a sheachadadh air nó uirthi, ar dhearbhu ón duine i bhFoirm Uimh. 13 i bhFoscúbhinn P.

44. (1) Nuair a ordófar le hordú airgead sa Chúirt a íoc le haon daoine a mbeidh comhpháirtithe nó daoine a bheidh ag trádáil nó a mbeidh gnó á sheoladh acu in ainm cuid-eachta nó gnólachta tugtha de thairisc orthu san ordú, nó i ndeimhniú ón Scrúdaitheoir, ón gCláraitheoir nó ón mBreithneoir Costas Dlí, féadfar an t-airgead sin a íoc le haon duine amháin nó níos mó de na comhpháirtithe sin, nó leis an duine díobh is marthanóir.”;

(xxii) tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 21 d’Ordú 86A:

“21. Ar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc, measfar ús a bheith ceadaithe i leith cibé tréimhse ama a mbeidh moill curtha ar fhorghníomhú leis an achomharc, mura n-ordóidh an Chúirt Achomhairc a mhalairt. Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí nó an t-oifigeach cuí eile an méid breise úis a ríomh gan aon ordú chun na críche sin.”;

(xxiii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (2) de riail 13 d’Ordú 94:

“(2) Faoi réir na nithe a dúradh is faoi rogha an Bhreithneora Costas Dlí a bheidh costais na saincheistanna a bheidh ardaithe leis na sonraí i dtaobh sárúithe agus na sonraí i dtaobh agóidí.”;

(xxiv) tríd an bhfo-riail seo a leanas a chur in ionad fho-riail (1) de riail 20 d’Ordú 97:

“(1) Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí na costais go léir a bhainfidh agus a ghabhfaidh le hachainí thoghcháin a bhreithniú.”;

(xxv) tríd an Ordú atá leagtha amach i Sceideal 1 a chur in ionad Ordú 99;

(xxvi) trí na foirmeacha ar a bhfuil na huimhreacha céanna faoi seach atá leagtha amach i Sceideal 2 a chur in ionad na bhfoirmeacha seo a leanas, eadhon, Foirm Uimh. 3 i bhFoscríbhinn D; Foirmeacha Uimh. 4, 6, 7 agus 8 i bhFoscríbhinn E; Foirm Uimh. 1 i bhFoscríbhinn F, Cuid 1; Foirmeacha Uimh. 1 agus 10 i bhFoscríbhinn F, Cuid II; Foirm Uimh. 7 i bhFoscríbhinn L agus Foirmeacha Uimh. 4 agus 5 i bhFoscríbhinn P, agus

(xxvii) tríd an bhFoscríbhinn atá leagtha amach i Sceideal 3 a chur in ionad Fhoscríbhinn W.

SCEIDEAL 1

“Ordú 99

Costais

I. Míithe

1. San Ordú seo:

ciallaíonn “Acht 2015” an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015;

ciallaíonn costais nó aon ábhar nó ítim in aon bhille costas “a bhreithniú”, nó “breithniú” a dhéanamh ar chostais nó aon ábhar nó ítim in aon bhille costas, an bille, an t-ábhar nó an ítim sin, de réir mar a bheidh, a bhreithniú de réir Chuid 10 d’Acht 2015;

ciallaíonn “breithniú dlí-chleachtóra agus cliant” breithniú costas faoi alt 154(4) nó alt 154(5) d’Acht 2015;

ciallaíonn “breithniú páirtí agus páirtí” breithniú costas faoi alt 154(2) nó alt 154(3) d’Acht 2015;

beidh le focail agus abairtí atá san Ordú seo, i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs é, an bhrí chéanna atá leo in Acht 2015.

II. Ceart chun costas

2. Faoi réir fhorálacha reachta (lena n-áirítear ailt 168 agus 169 d’Acht 2015) agus ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis na Rialacha seo:

(1) Is faoi rogha na nUaschúirteanna a bheidh na costais a bhainfidh agus a ghabhfaidh le gach imeacht sna Cúirteanna sin faoi seach.

(2) Ní bheidh aon pháirtí i dteideal aon chostais a bhainfidh nó a ghabhfaidh le haon imeacht a ghnóthú ó aon pháirtí eile san imeacht sin ach amháin faoi ordú nó mar a fhoráiltear leis na Rialacha seo.

(3) Déanfaidh an Ard-Chúirt, an Chúirt Achomhairc nó an Chúirt Uachtarach, ar aon iarratas idirbhreitheach a chinneadh, dámhachtain costas ach amháin i gcás nach féidir breithniú cóir a dhéanamh ar dhlíteanas i leith costas ar bhonn an iarratais idirbhreithigh.

(4) Beidh ar áireamh i ndámhachtain costas aon suim is iníoctha i bhfoirm cánach breisluacha ar na costais sin ag an bpáirtí ar ina fhabhar a dhéanfar dámhachtain den sórt sin, i gcás ina suífidh an páirtí sin nach inghnóthaithe an tsuim sin ar shlí eile, agus sa chás sin amháin.

(5) Féadfar a cheangal le hordú go n-íocfar suim i leith costas láithreach, d’ainneoin nach mbeidh na himeachtaí tugtha chun críche.

3. (1) Tabharfaidh an Ard-Chúirt, le linn breithniú a dhéanamh ar dhámhachtain chostais aon chaingne nó céime in aon imeachtaí, agus tabharfaidh an Chúirt Uachtarach agus an Chúirt Achomhairc le linn breithniú a dhéanamh ar dhámhachtain chostais aon achomhairc nó céime in aon

achomharc, i leith éilimh nó frithéilimh, aird ar na nithe atá leagtha amach in alt 169(1) d'Acht 2015, más infheidhme.

(2) Chun críocha alt 169(1)(f) d'Acht 2015, áirítear i dtairiscint chun socrú a dhéanamh aon tairiscint i scríbhinn arna déanamh gan dochar, seachas maidir le saincheist costas.

4. Má aistrítear cúis ó íoschúirt, nó ó bhinse a bhfuil cumhacht aige chun costais a dhámhachtain, agus ag a bhfuil dlínse sa chúis, beidh na costais sa chúirt thíos nó sa bhinse ina gcostais sa chúis, mura n-ordóidh an Chúirt nó an íoschúirt sin nó an binse sin a mhalairt.
5. (1) Íocfar costais fiosrúcháin chun an duine a bheidh i dteideal aon leagáide, airgid nó scaire a fhionnadh, nó na costais a bheidh tabhaithe ar shlí eile i ndáil leis sin, as an leagáid, as an airgead nó as an scair sin mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

(2) I gcás ina mbeidh daoine de na daoine a bheidh i dteideal scaire dáilí de chiste fionnta, agus go mbeidh deacracht nó moill tarlaithe, nó gur dócha go dtarlóidh deacracht nó moill agus na daoine a bheidh i dteideal na scaireanna eile á bhfionnadh, féadfaidh an Chúirt a ordú nó a cheadú a scaireanna a íoc láithreach leis na daoine a bheidh fionnta, gan aon chuid de na scaireanna sin a fhorchoimeád chun na costais ina dhiaidh sin a bhainfidh le fionnadh na ndaoine a bheidh i dteideal na scaireanna eile a fhreagairt. I ngach cás den sórt sin, féadfar ordú a dhéanamh chun na costais a bheidh tabhaithe anuas go dtí cibé íocaíocht a mheasfaidh an Chúirt a bheith réasúnach, agus an íocaíocht sin san áireamh, a fhionnadh agus a íoc.

6. Féadfar fritháireamh i leith damáistí nó costas idir pháirtithe a cheadú d'ainneoin lian an aturnae i leith costas sa chúis nó san ábhar áirithe ina mbeidh an fritháireamh á lorg.
7. (1) Féadfar a cheangal le hordú chun costais a íoc go n-íocfar na costais láithreach, d'ainneoin nach mbeidh na himeachtaí tugtha chun críche.

(2) Le linn costais a dhámhachtain, féadfaidh an Chúirt:

- a. a ordú go n-íocfar suim i gcomhlán in ionad costas breithnithe;
- b. le linn méid aon suim den sórt sin a chinneadh, ar a tionscnamh féin nó ar iarratas ó na páirtithe, cuntasóir costas dlí neamhspleách a cheapadh chun tuairisc a thabhairt ar an obair lena mbaineann na costais agus ordóidh sí go dtabharfar cóipeanna d'aon tuarascáil den sórt sin do na páirtithe, agus
- c. a ordú go ndéanfar na costais a bhaineann le tuarascáil dá dtagraítear i mír (b) a ullmhú a chur leis an tsuim i gcomhlán a dámhadh nó go ndéanfaidh páirtí eile iad a íoc.

(3) Féadfaidh an Chúirt, ag céim ar bith d'imeachtaí, a cheangal ar na páirtithe meastacháin ar na costais a bheidh tabhaithe acu, faoi seach, i leith cibé tréimhse a ordóidh an Chúirt agus arna sonrú i cibé modh a ordóidh an Chúirt, a thabhairt ar aird don Chúirt agus a mhalartú ar a chéile.

8. (1) I gcás ina ndearróidh sé don Chúirt, ar aon chúis nó ábhar a thriail nó ar aon imeacht eile, nach féidir leis an gcéanna dul ar aghaidh go caoithiúil, féadfaidh an Chúirt, d'fhonn a fhionnadh é sin a bheith:
 - a. mar gheall ar fhaillí dlí-chleachtóra ag gníomhú dó thar ceann aon pháirtí freastal go pearsanta nó trí dhuine cuí éigin thar a cheann, nó

- b. mar gheall ar loiceadh an dlí-chleachtóra sin a bheith ullamh go cuí don triail nó don imeacht sin, nó
- c. mar gheall ar an dlí-chleachtóir sin gan a bheith tar éis aon pháipéar a raibh gá leis le haghaidh úsáid na Cúirte a sheachadadh agus ar ceanglaíodh leis na Rialacha seo, le hordachán cleachtais nó le hordú nó le hordachán ón gCúirt go ndéanfaí é a sheachadadh, an t-imeacht a chur ar atráth ar feadh tréimhse 14 lá ar a laghad d'fhonn deis a thabhairt don dlí-chleachtóir lena mbaineann fianaise a thabhairt ar aird agus aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal a dhéanamh i leith cibé ábhair amháin nó níos mó de na hábhair a shonraítear i míreanna (a) go (c) a ordóidh an Chúirt.

(2) I gcás ina gcinnfidh an Chúirt, tar éis di aon fhianaise nó aon aighneachtaí den sórt sin a bhreithniú ag éisteacht atrátha na n-ábhar, nach bhféadfadh an t-imeacht dul ar aghaidh de bhua na faillí, an loicthe nó an neamhsheachadta sin (de réir mar a bheidh) ag an dlí-chleachtóir lena mbaineann, féadfaidh sí a ordú go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir sin cibé costais is cuí leis an gCúirt a dhámhachtain a íoc go pearsanta leis an bpáirtí eile.

9. (1) Más rud é, in aon chás, go ndealróidh sé don Chúirt go mbeifear tar éis costais a thabhtú go míchuí nó gan aon chúis réasúnach, nó, maidir le haon chostais a bheidh tabhaithe go cuí, go ndealróidh sé don Chúirt nach mbeidh aon toradh tar éis bheith orthu, mar sin féin, don duine a bheidh tar éis iad a thabhtú, mar gheall ar aon mhoill mhíchuí dul ar aghaidh faoi aon bhreithiúnas nó ordú, nó mar gheall ar aon mhí-iompar nó mainneachtain ag an dlí-chleachtóir, féadfaidh an Chúirt –

- (a) a iarraidh ar dhlí-chleachtóir an duine a mbeidh na costais sin tabhaithe amhlaidh aige cúis a shuíomh le nach cóir na costais sin a dhícheadú amhail idir an dlí-chleachtóir agus a chliant agus (más gá in imthosca an cháis) le nach cóir don dlí-chleachtóir aon chostais a bhféadfaidh go mbeifear tar éis a ordú don chliant iad a íoc le haon duine eile a aisíoc lena chliant, agus air sin cibé ordú a dhéanamh a dhlífidh an ceartas sa chás;
- (b) an t-ábhar a tharchur chuig an mBreithneoir Costas Dlí lena fhiosrú agus le tuarascáil a thabhairt air agus dlí-chleachtóir eile a ainmniú chun freastal ar an bhfiosrúchán sin agus páirt a ghlacadh ann.

(2) Tabharfar fógra faoin ordú don chliant i cibé slí a ordóidh an Chúirt. Íocfaidh na páirtithe sin costais ar bith de chuid an dlí-chleachtóra a bheidh ainmnithe mar a dúradh, nó íocfar iad as cibé cistí a ordóidh an Chúirt; nó, mura n-íocfar ar shlí eile iad, féadfar iad a íoc as cibé airgead (más ann) a sholáthróidh an tOireachtas.

III. Méid na gcostas

10. (1) Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le costais a bheidh, de réir na Rialacha seo nó fúthu, nó de réir aon ordaithe nó ordacháin ón gCúirt nó faoi, le híoc le páirtí in aon imeachtaí ag páirtí eile sna himeachtaí sin nó as aon chiste (seachas

ciste a bheidh ar teachtadh mar iontaobhaí nó ionadaí pearsanta ag an bpáirtí a mbeidh na costais le híoc leis).

(2) Faoi réir fho-riail (3), déanfar costais a bhfuil feidhm ag an gCuid seo maidir leo a bhreithniú ar bhonn páirtí agus páirtí de réir alt 155 agus Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 2015.

(3) Le linn costais a mbeidh feidhm ag an riail seo maidir leo a dhámhachtain, féadfaidh an Chúirt, in aon chás inar dóigh léi gur cuí sin a dhéanamh, a ordú nó a threorú go ndéanfar na costais a bhreithniú ar bhonn dlí-chleachtóra agus cliaint.

11. Is de réir alt 155 d'Acht 2015 agus Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin, agus de réir cibé rialacha de na Rialacha seo is infheidhme maidir le costais dlí-chleachtóra agus chliaint a dhéanfar breithniú dlí-chleachtóra agus cliaint.

12. (1) I gcás inar i ndáil le gnó cointinneach a tabhaíodh na costais lena mbaineann, áireofar mar ítimí aonair sa bhille costas, chun críocha alt 154(1)(c), na céimeanna agus na gníomhaíochtaí (más iomchuí) atá i gCodanna I, II agus III de scálaí na gcostas i bhFoscúbhinn W, agus ullmhófar iad de réir na nótaí agus na bhforálacha ginearálta atá iontu.

(2) Nuair a bheidh méid luach saothair aturnae i leith díolachán, ceannachán, léasanna, morgáistí agus ábhar eile a bhainfidh le tíolacas, nó i leith aon ghnó neamhchointinnigh eile, á rialáil le haon orduithe ginearálta a bheidh i bhfeidhm de thuras na huair faoin *Solicitors' Remuneration Act, 1881*, nó le haon rialacha a bheidh i bhfeidhm de thuras na huair faoin Acht um Chlárú Teidil, 1964, déanfar méid na gcostas a bheidh le ceadú sa bhreithniú i leith an ghnó sin a rialáil leis na horduithe nó na rialacha sin, d'ainneoin aon ní atá san Ordú seo.

IV. Costais a bhreithniú

13. (1) Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí na costais seo a leanas a bhreithniú:

- (a) na costais a bhainfidh le haon chúis nó ábhar, nó a thiocfaidh d'aon chúis nó ábhar, in aon cheann de na hUaschúirteanna;
- (b) aon chostais is ábhar d'ordú a bheidh déanta ag binse eadrána de réir alt 21(4) den Acht Eadrána, 2010, á ordú Breithneoir Costas Dlí do bhreithniú chostais na headrána;
- (c) costais ghlacadóra a bheidh ceaptha in aon chúis nó ábhar, ar an nglacadóir nó aon pháirtí sa chúis nó san ábhar sin dá iarraidh sin;
- (d) an costas a bhainfidh le breithiúnais a chlárú mar mhorgáistí, le deonuithe probháide agus litreacha riaracháin a fháil, le breithiúnais a shásamh, agus aon chostais eile a bhreithnítear *ex parte* de ghnáth, ar aon pháirtí leasmhar dá iarraidh sin;
- (e) gan aon ordú chuige sin, costais amhail idir dlí-chleachtóir agus cliant, ar an gcliant dá iarraidh sin agus ar ghealltanais scríofa uaidh, a bheidh le taisceadh in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí, go n-íocfar aon iarmhéid a chinnfidh agus a dheimhneoidh an Breithneoir Costas Dlí;
- (f) aon chostais eile a bheidh le breithniú faoi reacht nó de bhua reachta nó faoi na Rialacha seo nó dá mbua.

(2) Leanfaidh na costais agus na caiteachais a bhainfidh le breithniú toradh an bhreithnithe, mura n-ordóidh an Breithneoir Costas Dlí a mhalairt ar chúis speisialta a bheidh le lua ina chinneadh.

14. Déanfaidh na Breithneoirí Costas Dlí na billí costas go léir a bheidh le breithniú a chur de láimh de réir uainíochta a bheidh le socrú acu ó thráth go chéile, nó i cibé slí nó ord a ordóidh an Príomh-Bhreitheamh ó thráth go chéile; ar an gcoinníoll go bhféadfaidh an Chúirt a ordú, tráth ar bith, go ndéanfar aon chostais áirithe nó aon bhille costas áirithe a tharchur chuig aon duine de na Breithneoirí Costas Dlí.

15. (1) Faoi réir cheanglais an Ordaithe seo, déanfar na billí costas go léir a bheidh le breithniú a thaisceadh in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí. Áireofar i ngach bille den sórt sin, nó beidh ag gabháil leis, meabhrán arna shíniú ag an dlí-chleachtóir a mbeidh sé á thaisceadh aige, nó arna shíniú thar a cheann, ina luafar an mbeifear nó nach mbeifear tar éis aon bhreithniú nó aon fhómhas costas a dhéanamh roimhe sin sa chúis chéanna nó san ábhar céanna, nó a bheidh bainteach leis an eastát nó leis an iontaobhas céanna, agus más amhlaidh go mbeifear, cén Breithneoir Costas Dlí a bheidh tar éis é a dhéanamh agus dáta an chéanna.

(2) Féadfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí a ordú go ginearálta, le fógra a fhoilseofar ar cibé modh a chinnfidh sé, nó féadfaidh Breithneoir Costas Dlí a ordú in aon chás, go ndéanfar bille costas nó cóip de a thaisceadh i bhfoirm leictreonach.

16. (1) Féadfar clár na gcinntí a bheidh le cothabháil chun críocha alt 140 d'Acht 2015 a bhunú agus a chothabháil go leictreonach agus beidh na sonraí a cheanglaítear leis an alt sin san áireamh ann, faoi réir an ailt sin.

(2) Beidh clár na gcinntí ar oscailt lena iniúchadh ag aon pháirtí leasmhar le linn uaireanta oifige de réir alt 140(8) d'Acht 2015.

17. Beidh na Breithneoirí Costas Dlí faoi seach i gcúnamh dá chéile, agus féadfaidh aon Bhreithneoir Costas Dlí bille costas a bheidh tarchurtha chuig breithneoir eile a bhreithniú nó cuidiú sa bhreithniú sin, agus sa chás sin deimhneoidh sé dá réir sin.

18. Beidh Breithneoir Costas Dlí amháin ar a laghad ar fáil chun cibé gnó a bheidh ag teastáil le linn na saoire Fada a chomhlíonadh.

19. Déanfaidh na Breithneoirí Costas Dlí, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna, aird a thabhairt ar aon treoirlínte a fhoilseofar de réir alt 142 d'Acht 2015.

20. Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí mionsonraí faoi ítimí a cheadófar nó a dhícheadófar i leith bille costas a thaifeadadh. Coinneofar an bille in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí nó, más i bhfoirm leictreonach dó, faoi rialú an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí. I gcás ina mbeidh breithniú curtha i gcrích agus nach mbeifear tar éis athbhreithniú nó achomharc a lorg laistigh den tréimhse ama a cheadaítear, nó go mbeifear tar éis aon athbhreithniú nó aon achomharc a chinneadh, beidh an bille costas bunaidh arna mhionsonrú ag an mBreithneoir Costas Dlí ar fáil lena iniúchadh (i bhfoirm inléite amháin más rud é go mbeidh sé á chothabháil go leictreonach), faoi réir aon fholuithe a mheasfaidh an Breithneoir Costas Dlí is gá chun ceanglais alt 140(5) d'Acht 2015 a chomhlíonadh, ag aon pháirtí i mbreithniú le linn uaireanta oifige gan táille nó muirear, cibé acu mar chuid de chlár na gcinntí nó ar shlí eile.

21. Féadfaidh Breithneoir Costas Dlí, d'fhonn bille costas a bhreithniú, i dteannta na gcumhachtaí a bheidh infheidhmithe faoi alt 156 d'Acht 2015–
- (a) a ordú doiciméid, taifid agus dearbháin a thabhairt ar aird dósan nó d'aon pháirtithe eile sa bhreithniú;
 - (b) a cheangal ar aon pháirtí go bhfeidhmeodh aturnae ar leith ar a shon, agus,
 - (c) i gcoitinne, a ordú d'aon pháirtí sa bhreithniú cibé bearta a dhéanamh a mheasfaidh sé is gá.
22. Déanfar cóip de gach breithiúnas nó ordú, lena mbeidh ordaithe aon chostais a íoc, a thaisceadh in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí sula rachfar ar aghaidh le breithniú ar na costais sin, agus deimhneoidh an t-aturnae a mbeidh an chóip sin á taisceadh aige í a bheith ina cóip chruinn.
23. (1) Is le fógra i bhFoirm Uimh. 1 (i gcás breithniú páirtí agus páirtí) nó i bhFoirm Uimh. 2 (i gcás breithniú dlí-chleachtóra agus cliaint) i gCuid V d'Fhoscríbhinn W a bheidh iarratas ar bhreithniú ar aon ábhar nó ítim i mbille costas.
- (2) Déanfar gach fógra iarratais a thaisceadh i ndúblach in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí. Déanfar dáta fillte tosaigh a shannadh do gach iarratas den sórt sin agus déanfar fógra comhlánaithe a chur ar ais chuig an iarratasóir lena sheirbheáil.
- (3) Faoi réir Riail 26, beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le gach fógra um iarratas ar bhreithniú páirtí agus páirtí:
- (i) an bille costas san fhoirm a fhorordaítear leis na Rialacha seo;
 - (ii) dearbháin, sonraisc agus/nó fáltais i leith aon eisíoca nach mbeidh comhaontaithe;
 - (iii) aon taifid eile, arna n-innéacsú ar leithligh agus na leathanaigh uimhrithe iontu, ar a mbeidh an t-iarratasóir ag brath mar thaca leis na costais a bheidh á n-éileamh; agus
 - (iv) i gcás ina mbeidh an t-iarratasóir ag brath ar thaifid ama mar thaca leis na costais a bheidh á n-éileamh, na taifid ama sin, arna n-innéacsú ar leithligh agus na leathanaigh uimhrithe iontu, ina léireofar –
 - I. gach cleachtóir dlí nó duine eile lena mbainfidh;
 - II. an ráta (na rátaí) san uair is infheidhme;
 - III. an dáta (na dátaí) ar a mbeidh an obair iomchuí gafa de láimh agus na huairéanta an chloig iarbhír, nó codanna d'uairéanta an chloig iarbhír, a bheidh caite uirthi;
 - IV. líon iomlán na n-uairéanta an chloig, nó codanna d'uairéanta an chloig, a bheidh caite uirthi, agus
 - V. i gcás ina ndéanfar aon tréimhse ama den sórt sin a mheas, ráiteas á rá go bhfuiltear tar éis an tréimhse ama sin a mheas;
 - (v) cóip dhílis den ordú ón gCúirt, den dámhachtain ón eadránaí nó d'ordú nó d'ionstraim eile lena mbeifear tar éis na costais a dhámhachtain nó a cheadú, agus
 - (vi) i gcás breithniú páirtí agus páirtí a mbeidh an duine is ábhar don ordú na costais a íoc tar éis é a iarraidh, deimhniú á rá alt 154(2) d'Acht 2015 a bheith comhlíonta ag an duine.

(4) Beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le gach fógra iarratais ar bhreithniú dlí-chleachtóra agus cliaint:

- (i) an bille costas san fhoirm a fhorordaítear leis na Rialacha seo;
- (ii) dearbháin, sonraisc agus/nó fáltais i leith aon eisíoca nach mbeidh comhaontaithe;
- (iii) aon taifid eile, arna n-innéacsú ar leithligh agus na leathanaigh uimhrithe iontu, ar a mbeidh an t-iarratasóir ag brath mar thaca leis na costais a bheidh á n-éileamh, agus
- (iv) i gcás ina mbeidh an t-iarratasóir ag brath ar thaifid ama mar thaca leis na costais a bheidh á n-éileamh, na taifid ama sin, arna n-innéacsú ar leithligh agus na leathanaigh uimhrithe iontu, ina léireofar –
 - I. gach cleachtóir dlí nó duine eile lena mbainfidh;
 - II. an ráta (na rátaí) san uair is infheidhme;
 - III. an dáta (na dátaí) ar a mbeidh an obair iomchuí gafa de láimh agus na huairéanta an chloig iarbhír, nó codanna d'uairéanta an chloig iarbhír, a bheidh caite uirthi;
 - IV. líon iomlán na n-uairéanta an chloig, nó codanna d'uairéanta an chloig, a bheidh caite uirthi, agus
 - V. i gcás ina ndéanfar aon tréimhse ama den sórt sin a mheas, ráiteas á rá go bhfuiltear tar éis an tréimhse ama sin a mheas;
- (v) cóip dhílis de gach fógra a bheidh soláthraithe ag an dlí-chleachtóir lena mbainfidh don chliant de réir alt 150 agus/nó de gach comhaontú faoi alt 151(1) d'Acht 2015;
- (vi) cóip dhílis d'aon ráiteas i scríbhinn a bheidh curtha faoi alt 153 (1) d'Acht 2015;
- (vii) cóip dhílis d'aon tuairim i scríbhinn a bheidh curtha faoi alt 153 (3) d'Acht 2015, agus
- (viii) cóip dhílis d'aon éileamh ar íocaíocht.

(5) I gcás iarratais ar bhreithniú dlí-chleachtóra agus cliaint, déanfaidh an t-iarratasóir cóipeanna den fhógra iarratais a bheidh eisithe lena n-áirítear an dáta fillte agus na doiciméid a bheidh taiscthe leis, a sheirbheáil ar an gcliant nó, de réir mar a bheidh, ar an dlí-chleachtóir lena mbainfidh, sa tslí a fhoráiltear leis na Rialacha seo.

(6) I gcás iarratais ar bhreithniú páirtí agus páirtí, déanfaidh an t-iarratasóir cóipeanna den fhógra iarratais a bheidh eisithe lena n-áirítear an dáta fillte agus na doiciméid a bheidh taiscthe leis a sheirbheáil ar an dlí-chleachtóir nó, de réir mar a bheidh, ar an duine is ábhar don ordú na costais a íoc, sa tslí a fhoráiltear leis na Rialacha seo.

24. (1) Ar dháta fillte tosaigh an iarratais ar bhreithniú, nó ar aon dáta a gcuirfear an t-iarratas sin ar atráth chuige, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, mura rachaidh sé ar aghaidh chun na hábhair nó na hítimí lena mbainfidh sa bhille costas a bhreithniú:

- (i) ordacháin a thabhairt maidir le fógra faoin mbreithniú a sheirbheáil ar aon duine eile;

- (ii) cibé ordacháin bhreise, más ann, a thabhairt a mheasfaidh sé is gá, maidir le doiciméid, taifid agus dearbháin bhreise a thabhairt don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó do pháirtithe eile sa bhreithniú;
- (iii) ordacháin a thabhairt maidir le haighneachtaí i scríbhinn a sheachadadh agus a chomhdú chun críocha an bhreithnithe;
- (iv) cibé ordacháin bhreise i bhfeidhmiú na gcumhachtaí atá ar fáil faoi Acht 2015 agus faoin Ordú seo a thabhairt a mheasfaidh sé is caoithiúil chun an breithniú a chinneadh ar shlí a bheidh cóir, dlúsúil agus ar dóigh dó costais an bhreithnithe a íoslaghdú.

25. (1) Déanfar fógra iarratais ar bhreithniú a eisiúint agus a sheirbheáil ionas go bhféadfaidh 14 lá glan dul in éag idir lá na seirbheála agus an dáta fillte tosaigh. In imthosca práinneacha (a bheidh le cinneadh ag an mBreithneoir Costas Dlí) féadfar, le cead ón mBreithneoir Costas Dlí, fógra iarratais ar bhreithniú a eisiúint agus é a bheith le cur ar ais ar dháta níos luaithe.

(2) Ní gá cóip d'aon doiciméad nó d'aon ítim a sheirbheáil ar an bpáirtí freasúrach is doiciméad nó ítim a bhí ag gabháil leis an bhfógra a comhdaíodh in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí a seirbheáladh ar an bpáirtí freasúrach nó a seoladh chuige roimhe sin nó a sholáthair an páirtí freasúrach don pháirtí a mbeidh an tseirbheáil á déanamh aige.

(3) Féadfar fógra um iarratas ar bhreithniú arna eisiúint agus arna sheirbheáil i leith aon bhille costas a shrianadh ionas go n-iarrfaí nach ndéanfaí ach aon ábhar nó ítim amháin nó níos mó sa bhille costas a bhreithniú. Sonrófar go beacht in aon fhógra um iarratas den sórt sin ar bhreithniú na hábhair nó na hítimí a cheanglófar ar an mBreithneoir Costas Dlí a bhreithniú agus na nithe nó na hítimí a bheidh comhaontaithe idir na páirtithe nó idir an dlí-chleachtóir agus an cliant, de réir mar a bheidh. Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí, más deimhin leis go mbeifear tar éis an fógra sin a eisiúint agus a sheirbheáil agus nach gá na hábhair nó na hítimí go léir sa bhille costas a bhreithniú, an chuid sin den bhille agus na hábhair agus na hítimí uirthi a mbeidh an fógra eisithe ina leith a bhreithniú.

26. (1) Formhuineofar ar gach bille costas a thaiscfear lena bhreithniú ainm agus áit chláráithe ghnó aon dlí-chleachtóra a bheidh á thaisceadh amhlaidh nó dá mbeidh sé á thaisceadh amhlaidh. I gcás ina n-éileofar cáin bhreisluacha i mbille costas ní foláir an uimhir chláráithe a bheidh leithroinnte ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an duine a bheidh cláráithe le haghaidh cánach breisluacha a bheith in áit fheiceálach ar gach bille costas, cuntas nó dearbhán, de réir mar is cuí, ar a mbeidh cáin bhreisluacha á héileamh nó inmhuirearaithe.

(2) Maidir le billí costas agus fógraí a cheanglófar a sheirbheáil, beidh an tseirbheáil arna déanamh formhuinithe orthu i slí a shonróidh go dóthanach, ach go haicearrach, an duine a bheidh seirbheáilte, tráth, áit agus modh na seirbheála, agus an duine a mbeidh siad seirbheáilte aige, agus déanfar na doiciméid sin, arna bhformhuiniú amhlaidh, a thabhairt ar aird agus seirbheáil á cruthú.

(3) Ní chuirfear aon ní breise isteach i mbille costas nó ní dhéanfar aon athrú ann tar éis é a thaisceadh lena bhreithniú ach amháin le ceadú an Bhreithneora Costas Dlí nó le hordachán uaidh.

(4) Ní chuirfear aon taifead, inisealacha nó marcáil i mbille costas a bheidh taiscthe, ach amháin taifead, inisealacha nó marcáil a chuirfidh an Breithneoir

Costas Dlí ann, ná ní cheadófar aon scríosadh amach. I gcás ina sárófar an fhoráil seo, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, faoi réir achomharc chun na Cúirte, aon ábhar nó ítim a mbeidh an sárú déanta ina leith a dhícheadú, nó féadfaidh sé an t-ábhar a thuairisciú don Chúirt.

(5) Faoi réir fho-riail (6), is i bhFoirm Uimh. 3 i gCuid V d'Fhoscríbhinn W a bheidh bille costas a thaiscfear lena bhreithniú.

(6) I gcás ina mbeidh dlí-chleachtóir agus cliant an dlí-chleachtóra tar éis comhaontú a dhéanamh faoi alt 151 d'Acht 2015, beidh feidhm ag fo-riail (5) faoi réir ailt 152(5) go (7) d'Acht 2015.

(7) I gcás ina n-ordóidh Breithneoir Costas Dlí amhlaidh, féadfar bille costas a ghlacadh lena bhreithniú d'ainneoin easpa comhréireachta leis an bhfoirm fhorordaithe, ar an gcoinníoll gur deimhin leis an mBreithneoir Costas Dlí, maidir leis an mbille costas:

- (i) más bille costas é a bheidh tugtha ag dlí-chleachtóir do chliant, go bhfuil na sonraí a shonraítear in alt 152 (2) d'Acht 2015 ann;
- (ii) gur leor é, i dtuairim an Bhreithneora Costas Dlí, nuair a léitear é in éindí leis na doiciméid a bheidh seirbheáilte agus comhdaithe maille leis an mbille sin, chun a chumasú don pháirtí íoca an obair a bheidh glactha de láimh agus na heisíocaíochtaí a bheidh tabhaithe a n-éilítear táillí ina leith a mheas agus a dhíospóid nó cur ina coinne nó ina gcoinne, agus
- (iii) gur leor é, i dtuairim an Bhreithneora Costas Dlí, nuair a léitear é in éindí leis na doiciméid a bheidh seirbheáilte agus comhdaithe maille leis an mbille sin, chun a chumasú don Bhreithneoir Costas Dlí na hábhair agus na hítimí faoi dhíospóid a bhreithniú de réir Acht 2015.

(8) I gcás nach leor bille costas nach bhfuil i gcomhréir leis an bhfoirm fhorordaithe chun ceanglais fho-riail (7) a chomhlíonadh, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí:

- (i) an breithniú a chur ar atráth agus a ordú go ndéanfar bille costas nua, nó bille costas leasaithe, a sheirbheáil agus a thaisceadh;
- (ii) an breithniú a chur ar atráth agus a ordú faisnéis bhreise nó doiciméid bhreise a sheirbheáil agus a thaisceadh i leith ábhar nó ítimí sa bhille costas;
- (iii) an t-iarratas ar bhreithniú a scríosadh amach gan dochar do cheart an pháirtí tionscanta iarratas eile a dhéanamh.

27. (1) Déanfar innéacs nó sceideal de na doiciméid a bheidh ar áireamh i ngach mionteagasc a thabhairt ar aird sa bhreithniú má éilíonn an Breithneoir Costas Dlí é.

(2) Faoi réir ordachán an Bhreithneora Costas Dlí, déanfar na doiciméid nó codanna de dhoiciméid a bheidh taifeadta i bhfianaise nó tugtha ar aird in aon éisteacht a mbeidh táille á héileamh ina leith sa bhille costas a thabhairt ar aird sa bhreithniú.

(3) Déanfar cuntais i leith eisíocaíochtaí a bheidh muirearaithe i mbille costas, mar aon le gach rialú, ordú, tuarascáil agus doiciméad tábhachtach eile, a thabhairt ar aird sa bhreithniú.

(4) Faoi réir ordachán an Bhreithneora Costas Dlí, déanfar na dréachtaí agus na doiciméid eile go léir a mbeidh táille á héileamh sa bhille costas i leith a n-ullmhaithe a thabhairt ar aird sa bhreithniú.

(5) Faoi réir ordachán an Bhreithneora Costas Dlí, déanfar na mionsonraí seo a leanas i leith gach finné a mbeidh caiteachais á n-éileamh ina leith i mbille costas a thabhairt ar aird nó a sholáthar sa bhreithniú:

- (i) ainm, seoladh agus slí bheatha an duine;
- (ii) an áit ina mbeifear tar éis *subpoena* a sheirbheáil ar an duine;
- (iii) an t-achar a raibh ar an duine taisteal chun freastal ar an triail;
- (iv) na dátaí ar ceanglaíodh ar an duine freastal ar an triail;
- (v) i gcás inarb infheidhme, an chailliúint ioncaim, arna deimhniú go cuí, a bheidh á héileamh ag an duine, ag eascairt as an gceanglas freastal ar an triail;
- (vi) an nóta den fhianaise ón duine sin arna mhionteagasc d'abhcóide i gcomhair na trialach.

28. Déanfar deimhnithe cinntí ar mhéid na gcostas a bheidh ceadaithe a ullmhú gan idirlíniú, nó athrú ach amháin na cinn a mheasfaidh an Breithneoir Costas Dlí é a bheith ceart iad a mharcáil lena inisealacha, agus ní cheadófar aon ní in aon chor a scriosadh amach.

29. (1) Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí táillí cuí i leith a ullmhúcháin agus a fhreastail a cheadú do dhlí-chleachtóir nó do chuntasóir costas dlí a bheidh ag freastal chun cur i gcoinne costais a bhreithniú, ar dhóigh seachas amhail idir páirtí agus páirtí.

(2) I gcásanna ina mbeidh deacracht speisialta agus lena mbeidh tábhacht speisialta agus lena ngabhfaidh ceisteanna prionsabail, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, mar chuid de chostais an bhreithnithe, caiteachais an abhcóide a bheidh ag láithriú os a chomhair a cheadú.

(3) Le linn don Bhreithneoir Costas Dlí aon chostais ina dhiaidh sin sa chúis chéanna nó san ábhar céanna a bhreithniú,

- (a) tabharfaidh sé aird ar an mbille nó ar na billí roimhe sin, nó ar chostais nó táillí eile a bheidh ag teacht de na hábhair chéanna nó d'ábhair dá samhail, agus
- (b) chun na críche sin, féadfaidh sé a cheangal ar pháirtí faisnéis a bhaineann leis an ábhar nó na hábhair a mheasfaidh sé a bheith iomchuí a thabhairt ar aird.

30. Más rud é, le linn aon bhille costas a bhreithniú nó aon chuntas idir dlí-chleachtóir agus cliant a thógáil, go ndealraíonn sé nach foláir airgead a bheith infoctha ag an atur nae leis an gcliant in aon chás, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, ó thráth go chéile, deimhniú eatramhach a dhéanamh i dtaobh an mhéid is infoctha amhlaidh ag an atur nae. Ar an deimhniú sin a chomhdú féadfaidh an Chúirt a ordú go ndéanfar an t-airgead a bheidh deimhnithe amhlaidh a íoc láithreach leis an gcliant nó a thabhairt isteach sa Chúirt.

31. Leanfar gan bhriseadh, más féidir, leis an mbreithniú go dtí go mbeidh sé curtha i gcrích, ach má chuirtear ar atráth é ar aon chúis déanfar fógra faoin atráthú a thabhairt d'aon dlí-chleachtóir nach mbeidh i láthair tráth an atráthaithe agus ar gá nó ar cuí go bhfreastalódh sé ar an éisteacht atráthaithe.

32. (1) Féadfaidh cliant dlí-chleachtóra breithniú costas a iarraidh trí fhógra iarratais a eisiúint agus an fógra sin a sheirbheáil ar an dlí-chleachtóir de réir riail 23.

(2) I gcás iarratais ar bhreithniú dlí-chleachtóra agus cliant ón duine atá faoi dhliteanas i leith na gcostas, ní cheanglaítear ar an gcliant an bille costas a bheith aige san fhoirm a fhorordaítear leis na Rialacha seo ach féadfaidh sé an bille costas, an meabhrán costas nó an cuntas le haghaidh costas a thaisceadh, i cibé foirm ina bhfuarthas é ón dlí-chleachtóir, agus dá éagmais sin féadfaidh an t-iarratasóir ráiteas scríofa maidir leis na fíorais iomchuí a chur síos ina n-ionad sin.

(3) Féadfaidh Breithneoir Costas Dlí, má mheasann sé é a bheith cóir caoithiúil, a ordú don dlí-chleachtóir, gan aon chostas nó aon chaiteachas ar an gcliant, bille costas a athbhreithniú don chliant chun a chinntiú an bille costas a bheith ullmhaithe de réir alt 152 d'Acht 2015.

(4) Ar an mBreithneoir Costas Dlí do chríochnú an bhreithnithe ar an mbille costas déanfaidh an dlí-chleachtóir an deimhniú cinnidh a thógáil laistigh de thréimhse 21 lá nó cibé thréimhse bhreise a cheadóidh an Chúirt nó an Breithneoir Costas Dlí. Má lorgaíonn ceachtar páirtí breithniú de réir alt 160 d'Acht 2015 ag an mBreithneoir Costas Dlí ar aon bhreith i dtaobh ábhair nó ítime sa bhille costas, nó má lorgaíonn ceachtar páirtí athbhreithniú ag an gCúirt de réir alt 161 d'Acht 2015, oibreoidh an thréimhse iomchuí ó dháta na breithe nó an chinnidh faoi alt 160(5) d'Acht 2015 nó, de réir mar a bheidh, ordú na Cúirte faoi alt 161(4) d'Acht 2015.

(5) Má loiceann an dlí-chleachtóir an deimhniú cinnidh a thógáil laistigh den thréimhse sin 21 lá, nó cibé thréimhse fhadaithe a cheadaítear de réir fho-riail (4), féadfaidh an cliant an deimhniú cinnidh a thógáil ar an táille chúirte ar an mbille costas agus ar an deimhniú cinnidh a íoc. Beidh an cliant i dteideal aon táille a bheidh ceadaithe don dlí-chleachtóir sin nó iníoctha leis as freastal ar an mbreithniú agus as cur ina choinne a bhaint as an mbille costas. Beidh an cliant i dteideal costais an bhreithnithe, an táille chúirte ar an mbille costas agus ar an deimhniú cinnidh, an táille as an mbille costas a tharraingt agus as freastal ar an mbreithniú, nó aon cheann acu, a bhaint as an mbille costas.

(6) Beidh feidhm ag na forálacha sin roimhe seo den riail seo maidir le cásanna a bhainfidh le breithniú bille costas is iníoctha as ciste nó eastát, nó as sócmhainní cuideachta faoi leachtú, chomh maith le breithniú bille costas idir dlí-chleachtóir agus cliant.

33. I gcás ina ndealróidh sé don Bhreithneoir Costas Dlí, nuair a bheidh aon bhille costas á bhreithniú, gur gá aon leabhair, páipéir nó doiciméid a mbeidh baint acu leis an gcúis nó leis an ábhar a iniúchadh, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí a iarraidh ar an gCláráitheoir nó ar an Scrúdaitheoir a mbeidh na leabhair, na páipéir nó na doiciméid sin ina choimeád a chur faoi deara iad a tharchur chuig oifig an Bhreithneora Costas Dlí. Féadfaidh an Breithneoir

Costas Dlí a iarraidh, freisin, ar an gCláraitheoir nó ar an Scrúdaitheoir sin aon imeachtaí a fhéadfaidh a bheith cuimsithe sa bhille costas a bheidh faoi bhreithniú a dheimhniú. Sna cásanna sin, cuirfidh an Cláraitheoir nó an Scrúdaitheoir faoi deara, a luaithe is caoithiúil, na leabhair, na páipéir agus na doiciméid sin a tharchur chuig oifig an Bhreithneora Costas Dlí le haghaidh a úsáide le linn an bhreithnithe agus deimhneoidh sé na himeachtaí a bheidh tar éis bheith ar bun de réir na hiarrata ón mBreithneoir Costas Dlí. Tar éis na costais a bheith deimhnithe, cuirfidh an Breithneoir Costas Dlí faoi deara na leabhair, na páipéir agus na doiciméid chéanna a thabhairt ar ais.

34. Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí cibé suim is réasúnach leis a cheadú as cóipeanna de phléadálacha, freagraí agus doiciméid eile a chló nó a atáirgeadh, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, i gcás ina measfaidh sé go raibh an cló nó an t-atáirgeadh riachtanach nó cuí.

35. (1) Faoi réir fho-riail (2), beidh sna táillí a bheidh le ceadú i leith athscríobhaithe cibé suim is réasúnach leis an mBreithneoir Costas Dlí.

(2) Ní thabharfar lamháltas i leith athscríbhinne d'fhianaise a mbeidh aon pháirtí tar éis a éileamh go dtabharfaí dó í le linn na trialach mura rud é go mbeidh an Chúirt tar éis a ordú an athscríbhinn sin a dhéanamh, nó go n-úsáidfear ina dhiaidh sin í chun críche achomhairc.

36. (1) Féadfaidh an Chúirt, ar aon iarratas nó imeachtaí in aon chúis nó ábhar, nó le linn aon chúis nó ábhar a éisteacht, agus cibé acu a chuirfear nó nach gcuirfear i gcoinne an chéanna, a ordú costais aon fhormhuinithe ar thoghairm, pléadáil, mionnscribhinn nó aon doiciméad eile, a bheidh míchuí, nó ina mbeidh ábhar cráiteach nó neamhriachtanach, nó a mbeidh fad neamhriachtanach ann, a dhícheadú, nó féadfaidh sí a ordú don Bhreithneoir Costas Dlí an céanna a iniúchadh agus na costais a bhainfidh leis, nó costais cibé coda de a chinnfidh sé a bheith míchuí, nó ábhar cráiteach nó neamhriachtanach, nó fad neamhriachtanach, a bheith inti, a dhícheadú. Sa chás sin, íocfaidh an páirtí a ndéanfar a chostais a dhícheadú amhlaidh na costais a bheidh tagtha de sin leis an bpáirtí eile. In aon chás nach mbeidh an Chúirt tar éis déileáil leis an gceist sin, beidh sé de dhualgas ar an mBreithneoir Costas Dlí réasúntacht aon fhormhuinithe ar thoghairm, pléadáil, mionnscribhinn nó aon doiciméad eile a iniúchadh amhail is dá mbeifí tar éis a ordú go speisialta dó é sin a dhéanamh.

(2) In aon chás ina ndlífidh páirtí a bheidh i dteideal costais a fháil costais a íoc le haon pháirtí eile, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí na costais a mbeidh an páirtí sin faoi dhliteanas amhlaidh iad a íoc a bhreithniú, agus féadfaidh sé iad a choigeartú trí asbhaint nó trí fhritháireamh gan aon ordú ón gcúirt.

(3) Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí a ordú cé hiad na páirtithe a bheidh le freastal os a chomhair nuair a bheidh costais a bheidh le híoc ag ciste nó eastát á mbreithniú, agus féadfaidh sé costais aon pháirtí a dhícheadú a mheasfaidh sé, dá rogha féin, a fhreastal a bheith neamhriachtanach de dhroim leas an pháirtí sin sa chiste nó san eastát sin a bheith beag nó cianda, nó a bheith leorchosanta ag páirtithe leasmhara eile, nó ar leorchúis eile.

(4) I gcás ina n-ordófar aon bhille costas a bhreithniú chun go n-íocfar nó go gcruinneofar na costais as aon chiste nó maoin, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, dá rogha féin, a cheangal ar an aturnae fógra a thabhairt dá chliant nó do cibé cliant nó cliant díobh a ordóidh an Breithneoir Costas Dlí, agus féadfaidh sé an breithniú a fhionraí go dtí go mbeidh an fógra sin tugtha. Luafar san fhógra sin an bille costas sin a bheith tarchurtha chuig an mBreithneoir Costas Dlí agus an dáta agus an t-am a bheidh socraithe ag an mBreithneoir Costas Dlí don bhreithniú do dhul ar aghaidh, agus luafar ann freisin an páirtí a mbeidh an fógra sin dírithe chuige a bheith i dteideal láithriú, agus duine a bheith ag feidhmiú ar a shon, chun cur i gcoinne na lamháltas sa bhreithniú.

(5) Nuair a dhiúltóidh nó nuair a fhailleoidh duine a mbeidh ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar, nó duine eile a bheidh i dteideal costas, bille costas a sheachadadh ar an duine a bheidh faoi dhliteanas íoc, agus go mbeidh dochar á dhéanamh aige don duine sin nó d'aon pháirtí eile dá chionn sin, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí costais na bpáirtithe eile a dheimhniú, agus an diúltú nó an fhaillí sin a dheimhniú, nó féadfaidh sé suim ainmniúil nó suim eile i leith na gcostas sin a cheadú don duine a bheidh ag diúltú nó ag failliú, ionas go gcoiscfeadh dochar a dhéanamh d'aon pháirtí eile de dheasca an diúltaithe nó na faillí sin.

(6) I gcás ina n-ordófar don ghearánaí costais na cúise a íoc leis an gcosantóir, measfar, maidir leis na costais a bheidh curtha ar chosantóir le haon leasú ar phléadálacha an ghearánaí (ach amháin maidir le haon leasú a dhealróidh go raibh gá leis mar gheall ar mhainneachtain an chosantóra sin), iad a bheith ina gcuid de chostais an chosantóra sin sa chúis, ach bainfeadh as na costais sin aon suim a fhéadfaidh a bheith íoctha ag an ngearánaí i leith aon leasaithe.

(7) (i) I gcás ina bhfuil suim íosta agus suim uasta, nó an focal “lánroghnach”, taifeadta i scálaí na gcostas i bhFoscáirbhinn W, is faoi rogha an Bhreithneora Costas Dlí, laistigh de teorainneacha na suimeanna atá taifeadta amhlaidh (más ann), a bheidh an méid costas a bheidh le ceadú i leith na hítim sin, faoi réir aon ordaithe ón gCúirt.

(ii) Ag feidhmiú a rogha dó i ndáil le haon ítim, tabharfaidh an Breithneoir Costas Dlí aird ar na nithe atá leagtha amach i Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 2015.

(8) Maidir leis na táillí agus liúntais uile nach dtagraítear dóibh i bhfo-riail (7), is faoi rogha an Bhreithneora Costas Dlí a bheidh sé iad a dhícheadú go hiomlán nó go páirteach.

(9) Más rud é, in imeachtaí os comhair an Bhreithneora Costas Dlí, go mbeidh aon pháirtí ciontach i bhfaillí nó i moill, nó go gcuirfidh sé aon chostas neamhriachtanach nó míchuí i dtaobh na n-imeachtaí sin ar aon pháirtí eile, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, gan teorainn a bheith le haon chumhacht eile a bheidh ar fáil dó, a ordú don pháirtí sin nó dá dhlí-chleachtóir na costais réasúnacha a bheidh tagtha den fhaillí nó den mhoill sin a íoc. Féadfar na costais sin a bhaint as méid na gcostas a mbeifear tar éis a chinneadh iad a bheith dlite sa bhreithniú, nó, de réir mar a bheidh, iad a chur leis an méid sin agus a áireamh ann.

(10) Faoi réir aon fhorála i reacht, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí an tréimhse ama i gcomhair aon imeachtaí os a chomhair a theorannú nó a fhadú. I gcás ina mbeidh, leis na Rialacha seo, tréimhse ama ceaptha i gcomhair aon imeachtaí os comhair Breithneora Costas Dlí nó ag Breithneoir Costas Dlí, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí sin, ó thráth go chéile, an tréimhse ama a bheidh ceaptha a fhadú ar cibé téarmaí (más ann) a dhlífidh an ceartas sa chás, agus bíodh nach mbeidh an t-iarratas air sin déanta go dtí tar éis dheireadh na tréimhse ama a bheidh ceaptha.

(11) In aon chás ina n-ordófar le haon ordú costais a íoc, agus go ndéanfar na costais sin a chinneadh agus a dheimhniú ina dhiaidh sin, féadfaidh an páirtí a bheidh i dteideal na gcostas sin, tar éis don chinneadh sin teacht i bhfeidhm de réir alt 158 d'Acht 2015, ar an ordú sin a thabhairt ar aird, maille le deimhniú cinnidh an Bhreithneora Costas Dlí i dtaobh mhéid na gcostas sin, agus cruthúnas nach ábhar do chomair faoi alt 160 nó d'athbhreithniú faoi alt 161 d'Acht 2015 iad, ordú forghníomhaithe a fháil chun méid deimhnithe na gcostas sin a íoc.

V. Breithniú a bhreithniú

37. (1) Aon pháirtí a bheidh míshásta leis an mBreithneoir Costas Dlí do cheadú nó do dhícheadú an iomláin nó coda d'aon ítim (lena n-áirítear aon lamháltas speisialta), féadfaidh sé, laistigh den tréimhse ama a cheadaítear le halt 160(1) d'Acht 2015, iarratas a dhéanamh chun an Bhreithneora Costas Dlí le fógra i bhFoirm Uimh. 4 de Chuid V d'Fhoscríbhinn W chun an bhreith nó na breitheanna a bheidh sonraithe san fhógra a bhreithniú agus ar chinneadh faoin alt sin. Liostófar go comair san fhógra na hábhair nó na hítimí, nó na codanna díobh, lena mbainfidh breith an Bhreithneora Costas Dlí a mbeidh agóid á déanamh ina gcoinne, agus na forais do na hagóidí sin agus na fáthanna atá leo. Déanfar cóip den fhógra a sheirbheáil ar an bpáirtí eile sa bhreithniú tráth nach déanaí ná 14 lá roimh an dáta fillte a bheidh sannta chun an t-iarratas a éisteacht.

(2) Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí, más cuí leis, agus ar an bpáirtí a bheidh i dteideal na gcostas dá iarraidh sin, deimhniú cinnidh eatramhach a eisiúint de réir alt 160(3) d'Acht 2015 go dtí go n-éistfear an t-iarratas faoi alt 160 d'Acht 2015. Eiseoidh an Breithneoir Costas Dlí cibé deimhniú breise is gá tar éis a bhreithe ar an iarratas chun an bhreith nó na breitheanna lena mbainfidh a bhreithniú.

(3) Ar an iarratas sin a dhéanamh, athmheasfaidh agus athbhreithneoidh an Breithneoir Costas Dlí a chinneadh de réir alt 160(4) d'Acht 2015.

VI. Athbhreithniú ar chinneadh Breithneora Costas Dlí

38. (1) Is le foriarratas iar bhfógra do na daoine a shonraítear in alt 161(2) d'Acht 2015 a dhéanfar iarratas chun na Cúirte faoi alt 161(1) d'Acht 2015. Comhdófar an fógra foriarratais sa Phríomh-Oifig agus comhdófar cóip de in Oifig na

mBreithneoirí Costas Dlí. Déanfaidh an Chúirt an foriarratas a éisteacht agus a chinneadh ar an bhfianaise a thabharfar isteach os comhair an Bhreithneora Costas Dlí, agus ní ghlacfar aon fhianaise bhreise nuair a bheifear á éisteacht, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

(2) Déanfaidh an páirtí a mbeidh athbhreithniú á lorg aige ar an gcinneadh cóipeanna den bhille costas bunaidh arna ndeimhniú go cuí, fógra um iarratas ar bhreithniú breise agus aighneachtaí mar thaca leis an iarratas sin, maille le haon aighneachtaí freagartha agus aon doiciméid ábhartha eile, a thabhairt ar aird don Chúirt.

(3) Tar éis don Chúirt cinneadh a dhéanamh tarchuirfear an t-ábhar chuig an mBreithneoir Costas Dlí, i gcás inar gá, chun an breithniú a chríochnú de réir bhreith na Cúirte agus, i gcás inar gá, chun deimhniú cinnidh críochnaitheach a eisiúint.

(4) Má tharchuirtear an bille costas, nó aon chuid de, chuig an mBreithneoir Costas Dlí i gcomhair breithniú breise, féadfaidh aon pháirtí, ar an mbreithniú breise sin, iarratas a dhéanamh chun an breithniú breise a bhreithniú agus beidh feidhm ag forálacha na rialach seo maidir leis an mbreithniú breise sin amhail ar an mbreithniú bunaidh.

VII. Ceist dlí a tharchur

39. Is i bhfoirm cáis shonraithe de réir Ordú 62 a dhéanfar aon cheist dlí a tharchur chun na Cúirte faoi alt 159(1) d'Acht 2015.

VIII. Costais breithiúnais mainneachtana

40. I ngach cás a bhainfidh le breithiúnas de mhainneachtain láithriú le haghaidh éilimh leachtaithe, i gcás ina mbeidh an gearánaí i dteideal costas, cuirfear na suimeanna faoi seach i leith costas a leagtar amach i gCuid II scálaí na gcostas i bhFoscábhinn W leis an bpríomhshuim dá mbeidh an breithiúnas sin marcáilte.

41. I gcásanna a thiocfaidh faoi riail 40 nó faoi Ordú 4, riail 5, i gcás:

- (i) ina mbeifear tar éis ordú a dhéanamh chun an toghairm nó fógra faoin toghairm a sheirbheáil lasmuigh den dlínse, nó
- (ii) ina mbeifear tar éis ordú a dhéanamh chun seirbheáil ionadach nó eile a dhéanamh, nó
- (iii) ina mbeifear tar éis ordú a dhéanamh chun fógra a thabhairt in ionad seirbheáil a dhéanamh, nó
- (iv) ina mbeifear tar éis ordú a dhéanamh chun a dhearbhu gur leor seirbheáil a bheidh déanta, nó

(v) ina mbeidh níos mó ná freastal amháin tar éis bheith ag teastáil chun seirbheáil a dhéanamh, nó

(vi) ina mbeifear tar éis fógra a thabhairt le fógrán faoi eisiúint na toghairme faoi Ordú 9, riail 7,

cuirfear leis na suimeanna faoi seach a luaitear i riail 40 na costais bhreise riachtanacha chuí, a bheidh le fionnadh sa bhreithniú (i gcásanna a bhainfidh le héilimh laistigh de dhlínse na Cúirte Cuarda nó na Cúirte Dúiche, is de réir an scála is cuí sa chúirt lena mbainfidh a bheidh costais).

42. I gcásanna a bhainfidh le breithiúnas de mhainneachtain láithriú le haghaidh éilimh leachtaithe, i gcás ina ndealródh sé, le mionnscríbhinn arna déanamh ag duine éigin a fhéadfaidh mionnú go deimhneach i dtaobh an fhéich, go mbeidh suim a bheidh níos mó ná an tsuim dá mbeidh breithiúnas marcáilte tar éis bheith dlite don ghearánaí i leith na suime a mbeifear tar éis agra a dhéanamh ina leith tráth seirbheála na toghairme, cuirfear leis an bpríomhshuim dá mbeidh an breithiúnas sin marcáilte an tsuim chéanna i leith costas a bheifí tar éis a chur léi amhlaidh dá mbeifí tar éis an breithiúnas a mharcáil don tsuim a bheidh tar éis bheith dlite tráth na seirbheála sin, mar aon leis na costais chlárúcháin faoin *Judgments Registry (Ireland) Act 1850*.

43. In éilimh ar éileamh leachtaithe, i gcás:

(i) ina mbeadh an gearánaí, dá mbeadh aon suim dlite fós de bhun an éilimh sin, i dteideal breithiúnas a thairfeadh de mhainneachtain láithriú, agus

(ii) ina ndealródh sé, le mionnscríbhinn arna déanamh ag duine éigin a fhéadfaidh mionnú go deimhneach i dtaobh an fhéich, go mbeidh suim a shonrófar tar éis bheith dlite don ghearánaí i leith na suime a mbeifear tar éis agra a dhéanamh ina leith tráth seirbheála na toghairme,

bheidh an gearánaí i dteideal breithiúnas a thairfeadh le haghaidh a chostas i cibé suim a bheifí tar éis a chur san áireamh dá mbeifí tar éis breithiúnas a mharcáil don tsuim a bheidh tar éis bheith dlite tráth na seirbheála sin, mar aon leis na costais chlárúcháin faoin *Judgments Registry (Ireland) Act 1850*.

44. (1) I gcásanna a bhainfidh le breithiúnas le haghaidh éilimh leachtaithe faoi Ordú 37, nuair nach mbeidh aon bheart déanta ag an gcosantóir i ndiaidh an láithris, cuirfear leis an bpríomhshuim dá mbeidh an breithiúnas marcáilte i leith costas, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, na suimeanna céanna a cheadaítear faoi seach anseo roimhe seo i gcás breithiúnais de mhainneachtain láithriú, mar aon le cibé costais eile a bhainfidh leis an bhforiarratas ar bhreithiúnas a cheadóidh an Chúirt.

(2) I gcásanna a bhainfidh le hiarratais faoi Ordú 13, rialacha 14 agus 15, cuirfear leis na suimeanna a cheadaítear i gcás breithiúnais de mhainneachtain láithriú cibé costais eile (más ann) a bhainfidh leis an bhforiarratas chun breithiúnas a thairfeadh a cheadóidh an Chúirt.

45. In aon chaingean a thionscnófar ar ionstraim shoshannta, i gcás ina ndéanfar breithiúnas a mharcáil trí mhainneachtain, taiscfear deimhniú leis an oifigeach cuí ina luafar cibé acu a bheifear nó nach mbeifear tar éis níos mó

ná caingean amháin a thionscnamh ar an ionstraim chéanna. Déanfaidh an t-oifigeach cuí an deimhniú sin a chomhdú.

46. I ngach cás neamhchosanta ina dtiocfaidh páirtí chun bheith i dteideal breithiúnais mainneachtana, beidh sa mhionnscríbhinn a bheidh mar fhoras ag an bpáirtí sin dá éileamh ar chostais na n-imeachtaí deimhneasc ina luafar cibé acu a bheidh nó nach mbeidh cáin bhreisluacha iníoctha aige ar na costais sin, agus más amhlaidh go mbeidh, cibé acu a bheidh an tsuim a bheidh iníoctha amhlaidh inghnóthaithe aige trí fhritháireamh i gcoinne aon chánach breisluacha a bheidh iníoctha leis.

IX. Costais forghníomhaithe

47. I ngach cás nach bhforáiltear dó le rial 40 ina bhfaighidh duine breithiúnas chun airgead nó costais a íoc, má eisítear agus nuair a eiseofar forghníomhú de bhun an bhreithiúnais sin, déanfaidh an t-oifigeach a mbeidh an forghníomhú sin á eisiúint aige an tsuim chuí a shonraítear i leith costas forghníomhaithe a leagtar amach i gCuid I de scálaí na gcostas i bhFoscríbhinn W a chur leis an tsuim a mbeidh ordaithe í a íoc.

X. Ábhair phrobháide neamhchointinneacha

48. In ábhair phrobháide neamhchointinneacha, is faoi rogha an Bhreithneora Costas Dlí a beidh na costais agus na táillí a cheadófar.

XI. Féimheacht

49. Féadfar na cineálacha costas seo a leanas a bhreithniú gan ordú:

- (a) aon chostais amhail idir an Sannaí Oifigiúil agus an t-aturnae a bheidh ceaptha ag an Sannaí Oifigiúil chun cúram na n-imeachtaí a bheith air thar a cheann, ar iarratas ón Sannaí Oifigiúil;
- (b) aon chostais amhail idir iontaobhaí i bhféimheacht agus an t-aturnae a bheidh ceaptha chun cúram na n-imeachtaí a bheith air thar a cheann, ar iarratas ón iontaobhaí;
- (c) aon chostais eile a ndearbhaíonn an Chúirt an Sannaí Oifigiúil nó an t-iontaobhaí i bhféimheacht a bheith ina dteideal.

50. Is faoi rogha an Bhreithneora Costas Dlí a bheidh na costais agus na táillí is iníoctha le haturnaetha i leith imeachtaí i bhféimheacht.

51. Déanfar na costais a bhainfidh le haturnaetha ar leith a fhostú faoi rial 21(b), ar an deimhniú breithnithe ina leith a thabhairt ar aird, a íoc as an eastát i dtosaíocht chuí, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

52. Féadfaidh an Scrúdaitheoir féin suim a thomhas i leith costas i gcás:

- (i) ina n-ordóidh an breitheamh amhlaidh, nó
- (ii) ina dtoileoidh na páirtithe lena mbainfidh amhlaidh, nó
- (iii) ina measfaidh sé nár mhó ná €10,000 an tsuim a cheadófaí sa bhreithniú.

53. (1) Nuair nach mó ná €20,000 na fáltais chomhlána as na sócmhainní a réadófar in aon fhéimheacht, ceadófar eisíocaíochtaí aturnae an chreidiúnaí achainigh mar aon le trí chúigiú amháin de mhuirir ghairmiúla an aturnae sin, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

(2) Nuair nach mbeidh aon réadú tar éis bheith ann, nó nuair a bheidh an réadú gan chríochnú, más deimhin leis an gCúirt gur dócha go réadóidh na sócmhainní €20,000 ar a laghad, agus go n-ordóidh sí amhlaidh, ceadóidh an Breithneoir Costas Dlí na heisíocaíochtaí agus na muirir ghairmiúla iomlána.

54. Ní íocfaidh an Sannaí Oifigiúil aon suim, nó ní cheadófar aon suim dó, i leith nó as los costas gan ordú ón gCúirt mura mó ná an méid a shonraítear in alt 61(3)(h) den Acht Féimheachta, 1988, an tsuim sin.

55. (1) Nuair a bheidh dhá bharántas nó níos mó in ábhair ar leithligh i bhféimheacht nó i gcomhshocraíocht ag Cigire Féimheachta nó teachtaire nó cúntóir lena bhforghníomhú, agus go bhforghníomhófar iad, nó go bhféadfar iad a fhorghníomhú, san am céanna nó ar thuras leanúnach gan filleadh ar Bhaile Átha Cliath, déanfar na caiteachais taistil agus eile a thabhfófar i leith an turais iomláin a chionroinnt idir na féimheachtaí nó na comhshocraíochtaí éagsúla, de réir mar a bheidh, agus ní cheadófar aon mhuirir dhúblacha in aon chás.

(2) Féadfaidh an Sannaí Oifigiúil airgead a airleacan chuig an gCigire Féimheachta nó chuig cúntóir ag tabhairt faoi aon turas dó.

56. Déanfar cóip de gach bille i bhféimheacht, nuair a bheidh sé tomhaiste nó breithnithe, a chomhdú láithreach leis an Scrúdaitheoir san ábhar lena mbainfidh sé.

XII. Taisceadh nó forthairiscint i leith costas

57. (1) In aon iarratas chun costais a bhreithniú arna thionscnamh faoin Ordú seo ag duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó ag dlí-chleachtóir, féadfaidh an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, an cliant, laistigh de 21 lá ón iarratas a sheirbheáil air, nó tráth ar bith is déanaí ná sin le cead ó Bhreithneoir Costas Dlí, ar fhógra a bheith tugtha don pháirtí a mbeidh d'oibleagáid air costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, an dlí-chleachtóir lena mbainfidh, suim airgid a íoc isteach sa Chúirt mar shásamh san éileamh ar chostais (sa Chuid seo, “taisceadh mar shásamh i gcostais”).

(2) I gcás ina ndéanfar taisceadh mar shásamh i gcostais, sonrófar san fhógra faoi thaisceadh mar shásamh i gcostais an tsuim a bheidh íoctha isteach i leith gach cinn de na nithe seo a leanas (Cáin Bhreisluacha san áireamh, i gcás inarb infheidhme): (i) costais aon ghnólachta aturnaetha; (ii) costais aon abhcóide, agus (3) an méid iomlán eisíocaíochtaí nó eisíoca (seachas i leith táillí dlí-chleachtóirí) a bheidh á éileamh, agus an méid iomlán a bheidh íoctha isteach amhlaidh.

(3) Déanfaidh páirtí a mbeidh d'oibleagáid air costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, dlí-chleachtóir, ar a seirbheálfar fógra faoi thaisceadh mar shásamh i gcostais, cóip den fhógra faoi thaisceadh mar shásamh i gcostais a sheirbheáil ar gach dlí-chleachtóir a mbeidh méid i leith costas sonraithe dá ghnólacht nó dó san fhógra faoi thaisceadh mar shásamh i gcostais.

(4) Is i bhFoirm Uimh. 5 i gCuid V d'Fhoscríbhinn W, fara aon mhodhnuithe is gá, a bheidh an fógra faoi thaisceadh mar shásamh i gcostais agus déanfar é a chomhdú in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí, ach ní dhéanfar é a nochtadh don Bhreithneoir Costas Dlí go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach déanta ar na himeachtaí maidir leis an iarratas ar bhreithniú costas.

58. (1) I gcás ina ndéanfar taisceadh mar shásamh i gcostais faoi riail 57 féadfaidh an duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, an dlí-chleachtóir, laistigh de 14 lá ón lá a bhfaighidh sé an fógra faoi thaisceadh mar shásamh i gcostais, nó laistigh de cibé tréimhse bhreise a chomhaontóidh na páirtithe, glacadh leis an tsuim mar shásamh sna costais trí fhógra a thabhairt don pháirtí a bheidh faoi dhliteanas na costais a íoc, i bhFoirm Uimh. 6 i gCuid V d'Fhoscríbhinn W, fara aon mhodhnuithe is gá; agus air sin beidh sé i dteideal íocaíocht na suime a mbeidh glactha léi mar shásamh a fháil.

(2) Is leis an duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, ar údarás i scríbhinn uaidh lena aturnae nó, de réir mar a bheidh, leis an dlí-chleachtóir lena mbainfidh, a íocfar an t-airgead, agus air sin bacfar imeachtaí maidir leis an mbreithniú nó i leith bhreithniú na gcostas.

59. Mura ndéanfar an t-airgead a bheidh íoctha isteach a thógáil amach faoi riail 60, ní dhéanfar an t-airgead sin a íoc amach ach amháin mar shásamh sna costais a mbeidh sé íoctha isteach ina leith agus de bhun deimhnithe ón mBreithneoir Costas Dlí.

60. Mura nglacfaidh an duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, an dlí-chleachtóir, leis an tsuim a bheidh íoctha isteach amhlaidh ach go rachaidh sé ar aghaidh leis an mbreithniú i leith na gcostas sin agus nach gcinnfear níos mó ná an tsuim a bheidh íoctha isteach sa Chúirt a bheith dlite dó, ansin beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(1) Más mó an tsuim a bheidh íoctha isteach sa Chúirt ná an tsuim a chinnfear a bheith dlite i leith costas don duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, don dlí-chleachtóir, aisíocfar an bhreis leis an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, leis an geliant, agus coimeádfar an t-iarmhéid sa Chúirt.

(2) Beidh an duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, an dlí-chleachtóir, i dteideal chostais an bhreithnithe anuas go dtí tráth déanta na híocaíochta sin isteach sa Chúirt.

(3) Beidh an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, an cliant, i dteideal chostais an bhreithnithe ó thráth déanta na híocaíochta sin isteach sa Chúirt.

(4) Déanfar na costais a luaitear i míreanna (2) agus (3) a fhritháireamh i gcoinne a chéile, agus:

(i) más rud é go mbeidh an t-iarmhéid i bhfabhar an duine is ábhar don ordú chun na costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, i bhfabhar an chliant, déanfar méid an chéanna a shásamh *pro tanto* as an airgead a bheidh fágtha sa Chúirt agus, a mhéid nach leor an t-airgead a bheidh fágtha sa Chúirt chun an céanna a shásamh, beidh sé inghnóthaithe ón duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, ón dlí-chleachtóir, nó

(ii) más rud é go mbeidh an t-iarmhéid i bhfabhar an duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, i bhfabhar an dlí-chleachtóra, beidh méid an chéanna inghnóthaithe ón duine is ábhar don ordú chun costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, ón gcliant.

(5) Aon airgead a bheidh fágtha sa Chúirt tar éis an t-iarmhéid (más ann) a bheidh dlíte don duine is ábhar don ordú chun costais a íoc nó, de réir mar a bheidh, don chliant, i leith costas mar a dúradh a shásamh, íocfar amach é leis an duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, leis an dlí-chleachtóir.

(6) Más rud é, in aon chás, go mbeidh an Breithneoir Costas Dlí den tuairim nach gá, chun críocha na míreanna sin roimhe seo den riail seo, an t-iarmhéid go léir dá dtagraítear i mír (1) a choinneáil sa Chúirt, féadfaidh sé a ordú cibé méid de is cú leis a íoc amach leis an duine a mbeidh an t-ordú chun costais a íoc déanta ina fhabhar nó, de réir mar a bheidh, leis an dlí-chleachtóir.

61. (1) Sa riail seo, tá le “páirtí cáilithe” an bhrí chéanna atá leis in Ordú 22, riail 14.

(2) I gcás ina mbeidh páirtí cáilithe i dteideal taisceadh a dhéanamh mar shásamh i gcostais faoi riail 57, ansin féadfaidh an páirtí sin, in ionad aon airgead a thaisceadh sa Chúirt, a fhorthairiscint íoc a dhéanamh mar shásamh i gcostais leis an bpáirtí nó na páirtithe eile sa chúis nó sna himeachtaí (sa riail seo, “forthairiscint mar shásamh i gcostais”).

(3) Measfar aon fhorthairiscint mar shásamh i gcostais a dhéanfar faoin riail seo a bheith ina taisceadh mar shásamh i gcostais agus measfar an éifeacht chéanna a bheith léi is atá le taisceadh mar shásamh i gcostais agus beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha uile rialacha 57 go 60 go huile maidir leis an bhforthairiscint sin mar shásamh i gcostais i dtaca leis an tréimhse ama chun an céanna a dhéanamh agus chun glacadh leis an gcéanna amhail mar atá feidhm acu maidir le taisceadh mar shásamh i gcostais.

(4) Is de réir Fhoirm Uimh. 5 i gCuid V d’Fhoscríbhinn W, fara na modhnuithe is gá, a dhéanfar forthairiscint mar shásamh i gcostais. Is i bhFoirm Uimh. 6 i gCuid V d’Fhoscríbhinn W, fara na modhnuithe is gá, a bheidh fógra i dtaobh glacadh le forthairiscint mar shásamh i gcostais, agus beidh feidhm ag forálacha riail 58 maidir leis sin.

(5) I gcás ina mbeidh glactha le forthairiscint mar shásamh i gcostais, agus as an aithle sin go gceanglófar ar an bpáirtí a mbeidh an fhorthairiscint mar shásamh i gcostais déanta aige an tsuim a bheidh sonraithe a íoc, déanfar an tsuim shonraithe sin a íoc laistigh de cheithre seachtaine ó dháta an fógra a fháil go bhfuiltear ag glacadh leis an gcéanna.

(6) Maidir le haon pháirtí cáilithe a mbeidh forthairiscint mar shásamh i gcostais déanta aige a mbeifear tar éis glacadh léi ach a mbeidh mainnithe aige an tsuim a bheidh sonraithe san fhorthairiscint sin mar shásamh i gcostais a íoc laistigh den tréimhse ama a bheidh ceangailte, leanfaidh sé air de bheith faoi dhliteanas an tsuim a bheidh sonraithe a íoc, mar aon le hús uirthi, de réir an ráta a bheidh socraithe i gcomhair breithiúnas ón gCúirt, in aghaidh gach míosa nó coda den mhí a fhanfaidh an tsuim sin nó aon chuid di fós gan íoc.”

Sceideal 2

Foscúbhinn D, Foirm Uimh. 3.

O. 121, r. 9

DEIMHNIÚ GUR SEIRBHEÁLADH PRÓIS CHOIGRÍCHE.

Deimhnímse,, Máistir na hArd-Chúirte in Éirinn, leis seo gurb iad seo a leanas na doiciméid atá i gceangal leis seo:—

(1) Cóip den litir iarrata chun próis a sheirbheáil a fuarthas ón gCúirt nó ón mBinse i sa [tabhair tuairisc ar na himeachtaí]

(2) An phróis a fuarthas leis an litir iarrata sin; agus

(3) An fhianaise gur seirbheáladh an phróis ar, an duine a bhí ainmnithe sa litir iarrata sin, mar aon le fíorú nótaire phoiblí.

Agus deimhním an tseirbheáil sin arna cruthú amhlaidh, mar aon leis an gcruthúnas uirthi, a bheith mar is gá de réir dlí agus chleachtas na hArd-Chúirte in Éirinn a rialálann seirbheáil próise dlíthiúla in Éirinn, agus cruthú na seirbheála sin.

Agus deimhním gurb é an costas chun an tseirbheáil sin a dhéanamh, de réir mar a deimhníodh go cuí é ag Breithneoir Costas Dlí na hArd-Chúirte in Éirinn, suim €

Arna dhátú

(Arna shíniú)

Séala.

Foscúbhinn E, Foirm Uimh. 4.

BREITHIÚNAS DE BHUN ORDAITHE.

[*Ceannteideal mar atá i bhFoirm Uimh. 1*].

An 30 Samhain, 20.....

De bhun ordú dar dáta, 20.,

lenar ordaíodh

Breithnítear an lá seo inniu go ngnóthóidh an gearánaí in aghaidh an chosantóra €..., maille le costais atá arna mbreithniú.

Breithníodh agus cinneadh na costais sin thuas ar €... mar a léirítear sa deimhniú ón mBreithneoir Costas Dlí dar dáta an ... lá de, 20..

Foscúbhinn E, Foirm Uimh. 6.

BREITHIÚNAS LE hAGHAIDH CHOSTAIS AN CHOSANTÓRA I gCÁS
SCOIR.

[*Ceannteideal mar atá i bhFoirm Uimh. 1*].

An 30 Meán Fómhair, 20..

Ós rud é go bhfuil an gearánaí, le fógra i scríbhinn dar dáta an ... lá de 20., tar éis scor go hiomlán den chaingean seo (nó tar éis a éileamh sa chaingean seo a tharraingt siar nó tar éis an méid dá éileamh sa chaingean seo a bhaineann le a tharraingt siar nó de réir mar a bheidh), breithnítear an lá seo inniu go ngnóthóidh an cosantóir in aghaidh an ghearánaí costais arna mbreithniú.

Breithníodh agus cinneadh na costais sin thuas ar €... mar a léirítear sa deimhniú ón mBreithneoir Costas Dlí dar dáta an ... lá de

Foscúbhinn E, Foirm Uimh. 7.

BREITHIÚNAS LE hAGHAIDH CHOSTAIS AN GHEARÁNAÍ TAR ÉIS
ADMHÁIL I LEITH COSANTA

[*Ceannteideal mar atá i bhFoirm Uimh. 1*].

An 30 Samhain, 20..

Ós rud é gur líomhain an cosantóir ina chosaint san imeacht seo foras cosanta a tháinig ann tar éis an chaingean seo a thosú, agus go ndearna an gearánaí, an lá de 20., admháil a sheachadadh i leith na cosanta sin, breithnítear an lá seo inniu go ngnóthóidh an gearánaí in aghaidh an chosantóra costais arna mbreithniú.

Breithníodh agus cinneadh na costais sin thuas ar €... mar a léirítear sa deimhniú ón mBreithneoir Costas Dlí, dar dáta an ... lá de, 20..

Foscríbhinn E, Foirm Uimh. 8.

BREITHIÚNAS LE hAGHAIDH COSTAS TAR ÉIS AIRGEAD A ÍOCADH
ISTEACH SA CHÚIRT A GHLACADH.

[*Ceannteideal mar atá i bhFoirm Uimh. 1*].

An 30 Samhain, 20...

Ós rud é gur íoc an cosantóir isteach sa Chúirt sa chaingean seo suim €... mar shásamh in éileamh an ghearánaí, agus go ndearna an gearánaí, leis an bhfógra uaidh dar dáta an ... lá de, 20... , an tsuim sin a ghlacadh mar shásamh ina chúis chaingne go léir, agus gur breithníodh costais an ghearánaí sa chaingean seo, agus nach ndearna an cosantóir an céanna a íoc laistigh de 48 n-uaire i ndiaidh an bhreithnithe sin, breithnítear an lá seo inniu go ngnóthóidh an gearánaí a chostais arna mbreithniú in aghaidh an chosantóra.

Breithníodh agus ceadaíodh na costais sin thuas ar €... mar a léirítear sa deimhniú ón mBreithneoir Costas Dlí dar dáta an ... lá de, 20..

Foscríbhinn F, Cuid I, Foirm Uimh. 1.

O. 42, r. 11

LE hAGHAIDH *FERI FACIAS*.

AN ARD-CHÚIRT.

20 Uimh.

Idir

A.B.,

Gearánaí,

agus

C.D.,

Cosantóir.

Séalaítear ordú *feri facias* agus é dírithe chuig sirriam (Cláraitheoir Contae) chun go dtoibheofar in aghaidh C.D. suim €... maille le hús ar an tsuim sin de réir €.... faoin gcéad sa bhliain ón lá de [agus €.... costais agus ús ar an gcéanna de réir €.... faoin gcéad sa bhliain ón dáta sin]

Ordú dar dáta

*[Deimhniú an Bhreithneora Costas Dlí dar dáta.....].

Deimhním go bhfuil suim €.... dlite don ghearánaí i ndiaidh gach creidmheasa agus liúntais chóir.

(Arna shíniú)

Aturnae thar ceann [páirtí a bhfuil an t-ordú le heisiúint thar a cheann.]

*Scrios de réir mar is cuí

Foscrlbhinn F, Cuid II, Foirm Uimh. 1.

O. 42, r. 13

ORDÚ *FIERI FACIAS*.

AN ARD-CHÚIRT.

20 Uimh.

Idir

A.B.,

Gearánaí,

agus

C.D.,

Cosantóir.

Do shirriam (Do Chláraitheoir Contae) beatha agus sláinte. Cuirtear d'aithne ort leis seo a chur faoi deara go mbainfear amach ar a bhfuil d'earraí agus d'airnéisí ag C.D. i do bháillcheantar suim €... maille le hús ar an tsuim sin, de réir €... faoin gcéad sa bhliain, ón ... lá de *ar suim airgid í sin agus ar ús é sin a ndearnadh le déanaí san Ard-Chúirt i gcaingean áirithe [*nó* i gcaingne áirithe, de réir mar a bheidh] inar gearánaí A.B. agus inar cosantóir C.D. [*nó* in ábhar áirithe atá ar feitheamh ansin dar teideal “Maidir le E.F.” de réir mar a bheidh] le breithiúnas [*nó* le hordú] na Cúirte sin, dar dáta an ... lá de breithniú [*nó* ordú], cibé acu é] go raibh siad le hóc ag an C.D. sin le A.B., maille le costais áirithe sa bhreithiúnas [*nó* san ordú] sin atá luaite, agus ar costais iad atá breithnithe agus cinnte ag an mBreithneoir Costas Dlí ar shuim €... mar a léirítear sa deimhniú ón mBreithneoir Costas Dlí, dar dáta an ... lá de Agus cuirtear d'aithne ort a chur faoi deara thairis sin go mbainfear amach ar a bhfuil d'earraí agus d'airnéisí ag an C.D. sin i do bháillcheantar an tsuim sin €... [*costais*] maille le hús uirthi de réir €... faoin gcéad sa bhliain, ón ... lá de ..., *agus an t-airgead agus an t-ús sin a bheith agat os comhair an hArd-Chúirte díreach tar éis a fhorghníomhaithe seo lena íoc leis an A.B. sin de bhun an bhreithiúnais [*nó* an ordaithe] sin. Agus cuirtear d'aithne ort a léiriú don Ard-Chúirt díreach tar éis an t-ordú seo a fhorghníomhú cad é an dóigh a ndearna tú fhorghníomhú air. Agus bíodh an t-ordú seo agat ann an uair sin.

LE hORDÚ, etc.

Toibhig €... agus €... i leith costas forghníomhaithe, etc., maille le hús ar € [*fiach breithiúnais*] de réir €... faoin gcéad sa bhliain ón ... lá de, agus maille le hús ar €... [*costais*] de réir €... faoin gcéad sa bhliain ón dáta sin go dtí go n-íocfar é; agus ina theannta sin puntáiste sirriam, táillí oifigeach, costais toibhithe, agus gach caiteachas teagmhasach dlíthiúil eile.

Is é as [*áit chláraithe ghnó*], aturnae thar ceann an A.B. sin, a d'eisigh an t-ordú seo.

Is . . . an C.D. sin agus tá a áit chónaithe i i do bháillcheantar.

Foscríbhinn F, Cuid II, Foirm Uimh. 10.

CHUN DAMÁISTÍ, COSTAIS AGUS ÚS A CHUR SAN ÁIREAMH

O.48 r. 2

[Más mian damáistí, costais agus ús a chur san áireamh i bhFoirm 8 nó 9, gabh ar aghaidh go dtí an † agus lean ar aghaidh mar seo:]

Agus cuirtear d'aithne ort thairis sin leis seo a chur faoi deara go mbainfear amach as a bhfuil d'earraí agus d'airnéisí ag an C.D. sin i do bháillcheantar suim €... (*damáistí*). Agus thairis sin ús ar an tsuim sin de réir €... faoin gcéad sa bhliain, ón ... lá de, ar suim airgid í sin agus ar ús é sin ar breithníodh (*nó* ar ordáíodh) leis an mbreithiúnas (*nó* leis an ordú) dar dáta an ... lá de go raibh siad le híoc ag an C.D. sin le A.B., maille le costais áirithe sa bhreithiúnas (*nó* san ordú) sin atá luaite, agus ar costais iad atá breithnithe agus ceadaithe ag an mBreithneoir Costas Dlí ar shuim €... mar a léirítear sa deimhniú, ón mBreithneoir Costas Dlí, dar dáta an ... lá de, Agus cuirtear d'aithne ort a chur faoi deara thairis sin go mbainfear amach ar a bhfuil d'earraí agus d'airnéisí ag an C.D. sin i do bháillcheantar an tsuim sin €.... costais, maille le hús ar an tsuim sin de réir €... faoin gcéad sa bhliain ón ... lá de ... , agus bíodh an t-airgead agus an t-ús sin agat os comhair na hArd-Chúirte díreach tar éis a fhorghníomhaithe seo lena íoc leis an A.B. sin de bhun an bhreithiúnais (*nó* an ordaithe) sin.

Agus cuirtear d'aithne ort a léiriú don Ard-Chúirt, díreach tar éis an t-ordú seo a fhorghníomhú, cad é an dóigh a ndearna tú forghníomhú air, agus bíodh an t-ordú seo agat ann an uair sin.

LE hORDÚ, etc.

Is é etc. [*mar atá i bhFoirm Uimh. 1*] a d'eisigh an t-ordú seo.

Foscúbhinn L, Foirm Uimh. 7.

O. 29, r. 7.

BANNA CHUN COSTAIS AN BHANCHÉILE A URRÚ.

Bíodh a fhios ag cách ón ngníomhas seo go bhfuilimidne, *A.B.* as *etc.*, *P.Q.* as *etc.*, agus *R.S.* as *etc.*, gafa faoi cheangal docht ag Máistir na hArd-Chúirte i suim phionósach ... euro atá le híoc le *X.Y.*, aturnaie thar ceann *C.B.*, agus i ngeall lena híoc go hiomlán agus go hionraic go bhfuilimid dár gcur féin, ár n-oidhrí, ár seiceadóirí nó ár riarthóirí, agus gach duine dinn, faoi cheangal docht leis an ngníomhas seo i leith an iomláin.

Arna shéalú lenár séalaí.

Arna dhátú an lá de 20

De bhrí go bhfuil cúis áirithe ar feitheamh anois san Ard-Chúirt idir *A.B.*, achainíoch, de pháirt, agus *C.B.*, freagróir, den pháirt eile.

Agus de bhrí, le deimhniú faoina láimh a rinneadh sa chúis an lá de 20, gur dheimhnigh an Breithneoir Costas Dlí gur leor euro a íoc isteach sa Chúirt faoi chomhair chostais an fhreagróra (*nó an achainígh*) sin i leith, agus as siocair, éisteacht na cúise sin [*nó ar dhóigh eile mar atá ráite i ndeimhniú an Bhreithneora Costas Dlí*], nó gur leorurrús le tabhairt in aghaidh na gcostas réamhráite banna faoi láimh agus faoi shéala an *A.B.* sin maille le beirt leorurra, i suim phionósach ... euro, agus é de choinníoll sa bhanna sin go n-íocfar an méid de chostais an *C.B.* sin a dheimhneofar a bheith dlite ón *A.B.* sin agus iníoctha aige, gan a méid a dhul thar an tsuim sin ... euro [*nó ar dhóigh eile de réir mar atá sa deimhniú*] agus fógra ... uair an chloig i dtaobh na n-urraí sin a bheith le tabhairt d'aturnaie an *C.B.* sin. Anois is é coinníoll an bhanna seo: Más rud é go n-íocfaidh *A.B.* atá faoi cheangal mar a luaitear thuas, a oidhrí, a sheiceadóirí nó a riarthóirí, nó go gcuirfidh siad faoi deara go n-íocfar, go hiomlán agus go hionraic, le *X.Y.* thuasainmnithe, lena oidhrí, lena sheiceadóirí, lena riarthóirí nó lena shannaithe, suim iomlán nó costais dhleathacha an *C.B.* sin, an freagróir [*nó an t-achainíoch*] i leith, agus as siocair, éisteacht agus thriail na cúise seo [*nó ar dhóigh eile mar atá ráite sa deimhniú*] go feadh ... euro, ansin ar an gcoinníoll sin a chomhlíonadh beidh an banna seo ar neamhní agus gan éifeacht, ach mura gcomhlíonfar é, fanfaidh an céanna i lánfheidhm agus i lánéifeacht.

Arna shíniú, arna shéalú agus arna sheachadadh, *etc.*

Foscúbhinn P, Foirm Uimh. 4

O. 77, r. 8

DEIMHNIÚ AR SHUIMEANNA A CINNTÍODH.

[*Lean Foirm Uimh. 1 anuas go dtí **]

Deimhním gur cinntíodh, faoi ordú dar dáta 20 , gurb iad na suimeanna a luaitear sa sceideal a ghabhann leis seo, arb é a méid iomlán € ... , na suimeanna is iníochta faoin ordú sin leis na daoine faoi seach atá ainmnithe, i leith [*luaigh an cháil ina n-íoctar*].

Arna dhátú

(Arna shíniú)

Cláraitheoir nó Scrúdaitheoir nó Breithneoir Costas Dlí.

AN SCEIDEAL

Ainm	Seoladh (más rud é gur cinntíodh é)	An tsuim atá le híoc
...

Foscúbhinn P, Foirm Uimh. 5.

O. 77, r. 9

DEIMHNIÚ AR CHOSTAIS.

[Lean Foirm Uimh. 1 anuas go dtí *]

De bhun ordú dar dáta 20, rinne na harnaetha thar ceann freastal orm, agus deimhním go bhfuil na costais a shonraítear sa sceideal a ghabhann leis seo, ar ordáíodh a mbreithniú leis an ordú sin, breithnithe agam ar na suimeanna faoi seach a luaitear sa sceideal, agus déanann na suimeanna sin, mar aon le costais an bhreithnithe (más ann) a shonraítear, suim san iomlán.

Arna dhátú

(Arna shíniú) Breithneoir Costas Dí.

AN SCEIDEAL

Costais	Iníochta le		Méid na gcostas agus na dtáillí breithnithe
	Ainm	Seoladh	
...	...	An tIomlán €	_____

Sceideal 3
Foscúibhinn W: Costais

“SCÁLAÍ NA gCOSTAS
CUID 1

O. 99, rr. 12 agus 47

Ítim

Nótaí le hítimí uimhreacha 70 agus 78 go 83:

Tá sé ceaptha go gcumhdóidh na hítimí seo aon obair a dhéanamh, nach bhforáiltear di ar shlí eile, is gá nó is cuí a dhéanamh ag ullmhú do thriail, d'iomairliú socraíochta, d'éisteacht idirghabhála nó d'achomharc, nó roimh shocrú na n-ábhar faoi dhíospóid, lena n-áirítear: —

- (a) teagasc a ghlacadh chun agairt, cosaint, frithéileamh, achomharc a dhéanamh, cead achomhairc a lorg, nó cur i gcoinne iarratais ar chead achomhairc nó achomhairc, nó i leith aon phléadála, sonraí pléadála, mionnscríbhinne, réamhghnímh nó tarchuir faoi Ordú 64, riail 46;
- (b) na fíorais agus an dlí a bhreithniú;
- (c) freastal ar chliant agus comhfhreagras a dhéanamh leis;
- (d) agallamh agus comhfhreagras a dhéanamh le finnétithe agus le finnétithe ionchasacha agus cruthúnais a ghlacadh dá gcuid fianaise;
- (e) socrú a dhéanamh chun tuarascálacha nó comhairle a fháil ó shain-eolaithe agus chun pleananna, grianghraif agus samhlacha a fháil;
- (f) cuardach a dhéanamh ar dhoiciméid iomchuí;
- (g) aon mhaoin nó áit ábhartha i leith na n-imeachtaí a iniúchadh;
- (h) pléadálacha, mionnscríbhinní agus doiciméid iomchuí eile a ghrinnscrúdú;
- (i) i gcás nach dtabharfar an chúis nó an t-ábhar chun trialach nó chun éisteachta, an obair a bheidh déanta i ndáil le hiomairliú socraíochta; agus
- (j) cúram agus stiúradh ginearálta na n-imeachtaí (lena n-áirítear Obair Iar-Thrialach).

		Táille in- cheadaithe: mura luaitear aon suim, beidh méid na táille faoi rogha an Bhreithneora Costas Dlí mura bhforáiltear a mhalairt
	A. ROIMH THIONSCNAMH NA nIMEACHTAÍ	
1.	Teagasc cliaint a ghlacadh sula ndéantar imeachtaí a thionscnamh nó a chosaint	
2.	Fógra a eisiúint faoi alt 150, an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015	
3.	Fiosrúcháin fhíorasacha, lena n-áirítear freastal ar chliant agus ar fhinnéithe agus ar fhinnéithe ion-chasacha agus comhfhreagras a dhéanamh leo	
4.	Aon mhaoin nó áit ábhartha i leith na n-imeachtaí a iniúchadh	
5.	Cuardaigh nó fiosrúcháin a dhéanamh in aon oifig phoiblí iomchuí agus in áiteanna eile ar shonraí nó doiciméid iomchuí nó ina gcomhair	
6.	Comhfhreagras leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta [i gcás inarb infheidhme]	
7.	Tuarascáil shaineolach agus tuarascálacha eile a fháil in oirchill imeachtaí	
8.	Toiliú duine a fháil le gníomhú mar neaschara nó mar chaomhnóir <i>ad litem</i> agus toiliú nó formheas aon pháirtí leasmhair eile Tabhair do d'aire: Áirítear san ítim seo foirm an toilithe nó an fhormheasta a ullmhú.	€25
9.	Toiliú a fháil chun taifid a scaoileadh Tabhair do d'aire: Áirítear san ítim seo foirm an toilithe nó an fhormheasta a ullmhú.	€15
10.	Aon fhoirm thoilithe eile a fháil Tabhair do d'aire: Áirítear san ítim seo foirm an toilithe nó an fhormheasta a ullmhú	€15

11.	Teagasc a ullmhú agus a sheachadadh ar abhcóide chun comhairle a thabhairt maidir le himeachtaí a thionscnamh	
12.	Litir éilimh/litir roimh chaingean a ullmhú	
13.	Litir a ullmhú ina dtugtar comhairle maidir le hinfhaighteacht agus soláthraithe ionchasacha idirghabhála	
14.	Iarratas ar chead chun imeachtaí a eisiúint a ullmhú agus a dhéanamh, i gcás inar gá	
	B. Ó THIONSCNAMH GO DÁTA NA TRIALACH / SOCRAÍOCHTA	
	EISIÚINT IMEACHTAÍ, PLÉADÁLACHA ETC.	
15.	Toghairm thionscnaimh, achainí, fógra for-iarratais thionscnaimh nó fógra tríú páirtí a ullmhú, a eisiúint, agus a sheirbheáil ar pháirtí amháin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, formhuiniú lena seirbheáil nó lena sheirbheáil lasmuigh den dlínse faoi Ordú 11A (gan freastal ar abhcóide a áireamh)	€75
16.	Toghairm thionscnaimh chomhthráthach a eisiúint agus a sheirbheáil ar pháirtí amháin	
	Nóta le hítim 15 agus 16: — Déanfar tagairtí sna hítimí seo do thoghairm thionscnaimh a sheirbheáil ar pháirtí amháin, i ndáil le toghairm i gcaingean aimiréalachta <i>in rem</i> , a fhorléiriú mar thagairt don toghairm a sheirbheáil ar long.	
17.	Aon mhionnscribhinn fíoraithe a ullmhú, a sheirbheáil agus, i gcás inar cuí, a chomhdú	€35
18.	Athnuachan a dhéanamh ar thoghairm thionscnaimh a eisíodh, lena n-áirítear mionnscribhinn a ullmhú agus a chomhdú, freastal ar athnuachan a iarraidh agus ordú a fháil	
19.	Fógra foriarratais (seachas foriarratas thionscnaimh) a ullmhú, a eisiúint, a chomhdú agus a sheirbheáil ar pháirtí amháin	
20.	Mionnscribhinn ag tacú le fógra foriarratais (seachas foriarratas thionscnaimh) a ullmhú agus a chomhdú agus, i gcás inarb iomchuí, a sheirbheáil ar pháirtí amháin	
21.	Fógra achomhairc nó cás sonraithe a ullmhú, a chomhdú agus a sheirbheáil ar pháirtí amháin	

22.	Mionnscríbhinn forais in imeachtaí le fógra foriarratais tionscnaimh nó toghairm speisialta, nó mionnscríbhinn fíoraithe i gcaingean díobhálacha pearsanta nó i gcaingean chlúmhillte, a ullmhú agus a chomhdú agus, i gcás inarb iomchuí, a sheirbheáil ar pháirtí amháin	
23.	<i>Fiat an Ard-Aighne a fháil, i gcás inar gá</i>	
24.	Láithreas a thaifeadadh agus fógra a thabhairt ina thaobh sin	€25
25.	Láithreas a thaifeadadh chun an dlínse a chonspóid agus iarratas chun an dlínse a chonspóid	
26.	Ráiteas éilimh a ullmhú, a chomhdú agus a sheachadadh ar pháirtí amháin	€75
27.	Breithniú a dhéanamh ar phléadáil a fhaightear agus teagasc a ghlactar ina taobh (lena n-áirítear aon ábhar fíorais nó tuairim shaineolach) agus cosaint (agus frithéileamh), freagra ar achainí, freagra, nó pléadáil eile a cheanglaítear nó a cheadaítear mar fhreagra a ullmhú, a chomhdú agus a sheachadadh ar pháirtí amháin	
28.	Mionnscríbhinn fíoraithe cosanta i gcaingean díobhálacha pearsanta nó i gcaingean chlúmhillte a ullmhú, a chomhdú agus a sheachadadh ar pháirtí amháin	€35
29.	Comhairle a thabhairt maidir le haon taisceadh nó tairiscint le cosaint nó comhairle a thabhairt maidir le haon taisceadh airgid le pléadáil, agus an taisceadh airgid sin a dhéanamh (lena n-áirítear fógra a thabhairt ina thaobh sin)	
30.	Iarratas chun aistriú chuig an Liosta Tráchtála nó ar chásbhainistiú, i gcás inarb iomchuí, a ullmhú, a chomhdú agus a sheirbheáil ar pháirtí amháin	
31.	Freagra ar iarratas chun aistriú chuig an Liosta Tráchtála nó ar chásbhainistiú, i gcás inarb iomchuí, a ullmhú, a chomhdú agus a sheirbheáil ar pháirtí amháin	
32.	Ullmhú faoi choinne aon chomhdhála nó éisteacht chásbhainistithe, agus freastal uirthi, agus an obair a dhéantar chun ordacháin chásbhainistithe a chomhlíonadh	
33.	Iarraidh ar shonraí pléadála (lena n-áirítear mionnscríbhinn fíoraithe i gcás inar gá) a ullmhú agus a sheachadadh ar pháirtí amháin	

34.	Freagraí ar iarraidh ar shonraí (lena n-áirítear mionnscríbhinn fíoraithe i gcás inar gá) a ullmhú agus a sheachadadh ar pháirtí amháin	
35.	Réamhghníomh, nó dearbhú dócmhainneachta, a ullmhú agus a chomhdú, fógra i dtaobh an chomhdaithe a ullmhú agus an fógra sin a sheirbheáil ar pháirtí amháin	
36.	Leasú ar thoghairm nó ar phléadáil a ullmhú, agus an doiciméad leasaithe a sheirbheáil nó a sheachadadh ar pháirtí amháin	
37.	Fógra faoi thoghairm thionscnaimh nó faoi dhoiciméad tionscnaimh eile a ullmhú, lena sheirbheáil lasmuigh den dlínse faoi Ordú 11	€75
38.	Aon doiciméad a ullmhú, freastal ar aon iarratas a bheith á dhéanamh, agus aon obair eile a dhéanamh is gá— (a) chun ordú a fháil chun seirbheáil ionadach a dhéanamh ar aon doiciméad; (b) chun ordú a fháil ag ceadú aon doiciméad a sheirbheáil lasmuigh den dlínse; (c) chun aon ordú <i>ex parte</i> eile a fháil, roimh na himeachtaí nó i gcúrsa na n-imeachtaí, nach bhforáiltear dó ar shlí eile faoi aon ítim eile agus an t-ordú a fháil (d) chun forghairm a fháil agus an t-ordú a fháil	
39.	Litir rabhaidh i ndáil le haon iarratas d'éagmais pléadála nó chun an tréimhse ama a fhadú	€15
40.	Teagasc a ghlacadh maidir le haon fhorriarratas ar aon iarratas d'éagmais pléadála nó ar shíneadh ama, an forriarratas a ullmhú agus freastal ar éisteacht an fhorriarratais (mionnscríbhinn forais san áireamh)	
41.	Teagasc a ghlacadh maidir leis an bhfreagra ar aon fhorriarratas ar aon iarratas d'éagmais pléadála nó ar shíneadh ama, an freagra a ullmhú agus freastal ar éisteacht an fhreagra (mionnscríbhinn forais san áireamh)	
42.	Teagasc a ghlacadh maidir le haon fhorriarratas ar aon iarratas idirbhreitheach substainteach agus mionnscríbhinn i gcomhair an iarratais, seachas mainneachtain pléadála/síneadh ama nó follasú (e.g. urghaire idirbhreitheach), agus an forriarratas agus an mhionnscríbhinn a ullmhú	

43.	Breithniú a dhéanamh ar aon fhorarratas agus mionnscríbhinn a fhaightear, agus teagasc a ghlacadh maidir le haon mhionnscríbhinn shubstainteach freagartha i gcomhair aon iarratais shubstaintigh idirbhreithigh, seachas mainneachtain pléadála / síneadh ama nó follasú (e.g. urghaire idirbhreitheach), agus an mhionnscríbhinn a ullmhú	
44.	Teagasc a ghlacadh maidir le haon mhionnscríbhinn shubstainteach in aon imeachtaí atá le héisteacht le mionnscríbhinn, agus an mhionnscríbhinn a ullmhú	
45.	Breithniú a dhéanamh ar aon mhionnscríbhinn a fhaightear in aon imeachtaí atá le héisteacht le mionnscríbhinn, agus teagasc a ghlacadh maidir le haon mhionnscríbhinn shubstainteach freagartha, agus an mhionnscríbhinn a ullmhú	
46.	Pléadálacha, mionnscríbhinní agus doiciméid iomchuí eile a ghrinnscrúdú	
47.	Teagasc d'abhcóide a ullmhú i gcomhair tuairime i scríbhinn nó comhairle nó teagasc chun aon doiciméad a shocrú	
48.	Freastal ar abhcóide i gcomhchomhairle	
	FOLLASÚ AGUS INIÚCHADH	
49.	Iarraidh ar fhollasú saorálach a ullmhú agus a sheachadadh ar pháirtí	
50.	Iarraidh ar fhollasú saorálach a ullmhú agus a sheachadadh ar neamhpháirtí	
51.	Caomhnóirí doiciméad agus a dtaifid a shain-aithint	
52.	Teagasc a ghlacadh maidir le haon fhorarratas ar fhollasú, an freagra air a ullmhú agus freastal ar éisteacht an fhreagra	
53.	Teagasc a ghlacadh maidir le haon fhorarratas ar fhollasú, an freagra air a ullmhú agus freastal ar éisteacht an fhreagra	
54.	Mionnscríbhinn doiciméad nó liosta doiciméad a ullmhú, a chomhdú agus a sheirbheáil	
55.	Na nithe nó an ní seo a leanas a ullmhú, a chomhdú agus a sheirbheáil— (a) agarcheisteanna i gcomhair páirtí a scrúdú, nó (b) mionnscríbhinn mar fhreagra ar agarcheisteanna	

56.	Freastal chun doiciméid sceidealta páirtí eile a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh, nó athbhreithniú a dhéanamh ar chóipeanna leictreonacha díobh	
57.	Athbhreithniú ar dhoiciméid follasaithe (follasú an pháirtí féin, an pháirtí fhreasúraigh / na bpáirtithe freasúracha agus/nó aon neamhpháirtí)	
	ULLMHÚCHÁN LE hAGHAIDH TRIALACH, ETC.	
58.	Freastal ar aon fhinné agus comhfhreagras a dhéanamh leis, agus cruthúnas ar fhianaise atá ar fáil a ullmhú	
59.	I gcás inarb iomchuí, mionteagasc a thabhairt agus aon tuarascáil shaineolach nuashonraithe a fháil	
60.	Ordú <i>subpoena ad testificandum</i> , nó fógra faoi, a ullmhú agus a eisiúint d'aon líon daoine nach mó ná triúr agus an céanna do gach líon breise nach mó ná triúr	€15
61.	Ordú <i>subpoena duces tecum</i> , nó fógra faoi, a ullmhú agus a eisiúint d'aon líon daoine nach mó ná triúr agus an céanna do gach líon breise nach mó ná triúr	€15
62.	Fógra a ullmhú agus a sheirbheáil— (a) chun doiciméad dá dtagraítear i bpléadáil nó i mionnscríbhinn a thabhairt ar aird lena iniúchadh (b) chun doiciméad a thabhairt ar aird i dtrial nó in éisteacht (c) chun aon doiciméad nó fíoras a admháil	€15
63.	Freastal chun coinne a fháil le finné a cheistiú agus ar cheistiú an fhinné os comhair aon choimisinéara, aon oifigigh don chúirt nó aon duine eile a bheidh ceaptha chun é a cheistiú, as gach lá den cheistiú. Tabhair do d'aire:—Lamhálfar, freisin, don aturnae caiteachais taistil a bheidh tabhaithe go réasúnach aige.	
64.	An obair a dhéantar i dtaca le hidirghabháil a dhéanamh maidir le himeachtaí	
65.	Teagasc a ullmhú d'abhcóide chun comhairle a thabhairt maidir le cruthúnais	
66.	Cur síos i gcomhair trialach nó éisteachta	€75

67.	Mionteagasc trialach a ullmhú, le nótaí eolais d'abhcóide agus cruthúnais ar fhianaise	
68.	An obair a dhéantar i dtaca le hiomairliú socraíochta	
69.	Freastal ar an oifigeach cuí chun a chur in iúl dó go bhfuil cúis nó ábhar a cuireadh síos i gcomhair trialach nó éisteachta socraithe agus go bhféadfar í nó é a liostú dá réir sin	€15
70.	Ullmhúchán i gcomhair aon chúis nó ábhar, achainí nó foriarratas, a thriail nó a éisteacht, is cuma cad é modh na trialach nó na héisteachta (lena n-áirítear cuntais a thógáil nó fiosruithe a dhéanamh) gan aon obair dá dtagraítear in ítimí roimhe seo a áireamh	
	C. COSTAIS A THABHAÍTEAR I gCÚRSA TRIALACH/SOCRAÍOCHTA AGUS ANUAS GO dtÍ CINNEADH NA nIMEACHTAÍ	
	TRIAIL NÓ ÉISTEACHT	
71.	Freastal ar shuíonna chun na gríoch seo a leanas— (a) triail nó éisteacht chúise, ábhair nó achomhairc, as gach lá— a mbeidh an chúis, an t-ábhar nó an t-achomharc ar áireamh sa liosta a bheidh le triail nó le héisteacht, ach nach mbeidh tús curtha léi nó leis (ii) triail nó éisteacht (iii) éisteacht breithiúnais fhorchoimeáda (iv) éisteacht ina dhiaidh sin ar chineál an fhaoisimh agus/nó ar chostais	
72.	Nótaí le hítim 71: (a) má tá ar an aturnae freastal ar níos mó ná éisteacht nó triail amháin san am agus san áit chéanna, déanfar an caiteachas a roinnt go réasúnach sa chás sin; (b) lamhálfar, freisin, don aturnae caiteachais taistil a bheidh tabhaithe go réasúnach aige; (c) ní bhaineann an ítim seo leis an bhfreastal a luaitear in ítim 73.	

73.	Freastal ar éisteacht toghairme achoimre nó toghairme speisialta nó ar éisteacht foriarratais os comhair na Cúirte, as gach lá	
74.	Freastal os comhair an Mháistir, an Scrúdaitheora, nó Cláraitheora, nó chun a dheimhniú gur foilsíodh fógrán nó go ndearnadh aon seirbheáil ba ghá a dhéanamh	
75.	Páipéir a bheidh ag teastáil lena n-úsáid ag Breitheamh, ag an Máistir, ag an Scrúdaitheoir nó ag Cláraitheoir a ullmhú agus a sheachadadh	
	D. COSTAIS A THABHAÍTEAR TAR ÉIS NA TRIALACH	
76.	Freastal chun ordú nó breithiúnas a thairfeadh nó a chur ar ordú	€15
77.	Freastal chun cistí a thaisceadh sa chúirt (i gcás inarb infheidhme)	
	IARRATAS AR CHEAD ACHOMHAIRC/ACHOMHARC	
78.	Teagasc a ghlacadh ó chliant i leith achomhairc ón Ard-Chúirt chun na Cúirte Achomhairc i gcoinne breithiúnais nó ordaithe idirbhreithigh nó chríochnaithigh	
79.	Teagasc a ullmhú d'abhcóide i leith achomhairc ón Ard-Chúirt chun na Cúirte Achomhairc	
80.	Teagasc a ghlacadh ó chliant i leith iarratais ar chead achomhairc ón Ard-Chúirt chun na Cúirte Uachtaraí in achomharc cliobóige	
81.	Teagasc a ullmhú d'abhcóide i leith iarratais ar chead achomhairc ón Ard-Chúirt chun na Cúirte Uachtaraí in achomharc cliobóige	
82.	Teagasc a ghlacadh ó chliant i leith iarratais ar chead achomhairc ón gCúirt Achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí	
83.	Teagasc a ullmhú d'abhcóide i leith iarratais ar chead achomhairc ón gCúirt Achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí	
84.	Fógra achomhairc a ullmhú	€75
85.	Fógra um iarratas ar chead achomhairc a ullmhú	€75
86.	Fógra an fhreagróra a ullmhú (An Chúirt Achomhairc)	€75

87.	Fógra an fhreagróra a ullmhú (An Chúirt Uachtarach)	€75
88.	Sonraí costas a bheidh tabhaithe a ullmhú agus a thiomsú agus ceanglais a 152 agus a 154 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, a chur i gcrích	
89.	Fógra um iarratas ar bhreithniú	€40
90.	Innéacs a ullmhú, Bille Costas a léirscríobh agus páipéir a ullmhú lena mBreithniú, lena n-áirítear cóipeanna réasúnacha lena seirbheáil agus lena gcomhdú	
91.	Bille costas a thaisceadh agus a sheirbheáil agus fógra fómhais nó breithnithe a eisiúint, a sheirbheáil agus a chomhdú	
92.	Freastal ar fhómhas nó ar bhreithniú, billí a chomhlánú, deimhniú, agus comhlánú dheimhniú an fhómhais nó an bhreithnithe	
93.	Iarratas a ullmhú go mbreithneodh Breithneoir Costas Dlí breith faoi alt 160(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, nó freagra a ullmhú ar agóidí, lena n-áirítear cóipeanna lena seirbheáil agus lena gcomhdú; na hagóidí nó na freagraí sin a sheachadadh ar pháirtí amháin agus freastal ar an éisteacht nó ar an athbhreithniú ag an mBreithneoir Costas Dlí – má sheastar ar na hagóidí	
	FORGHNÍOMHÚ	
94.	(a) Ordú <i>feri facias</i> , ordú forlámhaithe nó ordú ast-aithe a ullmhú agus freastal chun eisiúint an ordaithe sin a fháil; aon ordú iardain chun éifeacht a thabhairt dó agus aon ordú eile chun breithiúnas nó ordú a chur i bhfeidhm a ullmhú agus freastal chun eisiúint an ordaithe sin a fháil	€15
	(b) Cóipeanna d'aon ordú den sórt sin (i gcás inar gá)	€10
95.	(a) Fógra a ullmhú i dtaobh ordú forghníomhaithe a athnuachan	€15
	(b) Athnuachan ar ordú forghníomhaithe a fháil	€10
96.	Chun breithiúnas, ordú, banna, <i>lis pendens</i> nó cúirtbhanna a chlárú	€15
97.	Chun cúirtbhanna a dhíchur nó sásamh breithiúnais a thairfeadh (de bhreis ar eisíoc)	€15

98.	Iarratas nó iarraidh ar dheimhniú chun cur i bhfeidhm breithiúnais i mBallstát eile den AE a cheadú	Fiosraigh an tsuim atá le socrú
	ÁBHAIR ILGHNÉITHEACHA (IS CUMA CÉN CHÉIM DE NA hIMEACHTAÍ AG A nGLACTAR AR LÁIMH IAD)	
	FREASTAL	
99.	Gach freastal is gá agus is cuí nach bhforáiltear dó nó nach gceadaítear faoi aon ítim eile Tabhair do d'aire: Lamhálfar, freisin, don atur na caiteachais taistil réasúnacha a bheidh tabhaithe iarbhír	
	DOICIMÉID A ULLMHÚ NACH bhFORÁILTEAR DÓIBH AR SHLÍ EILE	
100.	Mionnscríbhinn seirbheála nó mionnscríbhinn fhoirmiúil eile a ullmhú Tabhair do d'aire: Áirítear san ítim seo mionnscríbhinn a léirscríobh, freastal chun go ndéanfaí í a mhionnú agus chun í a chomhdú	€25
101.	Foilseáin a bheidh ag gabháil le mionnscríbhinn a ullmhú lena marcáil ag coimisinéir mionnaí	€10 an foilseán
102.	Fógrán a ullmhú don <i>Iris Oifigiúil</i> nó fógrán nuachtáin nó fógrán eile a ullmhú a bheidh le formheas ag an Scrúdaitheoir nó ag Cláráitheoir Tabhair do d'aire: Áirítear san ítim seo freastal chun formheas a fháil, i gcás inar gá	€25
103.	Cuntais, ráitis agus doiciméid eile is gá lena n-úsáid sa Chúirt a ullmhú	

104.	Fógraí a eisítear, le hordachán ón gCúirt, ó Bhreithneoir Costas Dlí nó ó Chláráitheoir a ullmhú, a eisiúint, a chomhdú agus a sheirbheáil ar pháirtí amháin	€25
105.	Duillín foriarratais a ullmhú ar iarratas <i>ex parte</i> chuig an Máistir	€25
106.	Cúirtbhanna a ullmhú agus a léirscríobh	€25
107.	Mír shásaimh agus mionnscríbhinn a ullmhú agus a léirscríobh	€25

108.	Fógra do chreidiúnaí a ullmhú nó a líonadh á cheangal air a éileamh a chruthú	€25
109.	Aon fhógra nó doiciméad nach bhforáiltear dó ar shlí eile a ullmhú	€25
	CÓIPEANNA	
110.	Cóipeanna clóite de dhoiciméid (an leathanach)	20 cent
111.	Cóipeanna a scrúdú agus a dheimhniú, i gcás ina gceanglaítear sin	€15
	SEIRBHEÁIL	
112.	Seirbheáil phearsanta a dhéanamh i gcás níos mó ná freastal amháin a bheith ag teastáil chun seirbheáil a dhéanamh	
113.	Toghairm, achainí, pléadáil nó fógra is gá a sheirbheáil nó a sheachadadh ar níos mó ná duine amháin a sheirbheáil go pearsanta laistigh den dlínse	
114.	Toghairm, achainí, pléadáil nó fógra is gá a sheirbheáil nó a sheachadadh ar níos mó ná duine amháin a sheirbheáil leis an bpost cláraithe laistigh den dlínse	€15
115.	Toghairm, achainí, pléadáil (nó fógra ina taobh) a sheirbheáil lasmuigh den dlínse ag baint leasa as gníomhaireacht tarchuir faoi Rialachán Seirbheála an AE	€15
116.	Toghairm, achainí, pléadáil (nó fógra ina taobh) a sheirbheáil lasmuigh den dlínse ag baint leasa as an Údarás Lárnach faoi Rialachán Seirbheála na Háige	€25
117.	Aon doiciméad a sheirbheáil nó a sheachadadh go pearsanta, nach bhforáiltear dó nó nach gceadaítear faoi aon ítim eile (a bheidh le tuairisciú sa bhille costas)	
118.	Aon doiciméad a sheirbheáil nó a sheachadadh leis an bpost cláraithe, nach bhforáiltear dó nó nach gceadaítear faoi aon ítim eile (a bheidh le tuairisciú sa bhille costas)	€15

CUID II: COSTAIS BHREITHIÚNAIS DE MHAINNEACHTAIN
LÁITHRIÚ.

O. 99, rr. 12, 40.

DLÍNSE NA CÚIRTE DÚICHE: Mura mó ná €15,000 méid an bhreithiúnais

— Cibé suim ba chúí do bhreithiúnas i leith méid dá shamhail sa Chúirt Dúiche.

(2) DLÍNSE NA CÚIRTE CUARDA: Más mó ná €15,000 ach nach mó ná €75,000 méid an bhreithiúnais

— Cibé suim ba chúí do bhreithiúnas i leith méid dá shamhail sa Chúirt Chuarda.

(3) DLÍNSE NA hARD-CHÚIRTE: Más mó ná €75,000 méid an bhreithiúnais

— €121 mar aon le €12 ar gach seirbheáil bhreise tar éis na chéad seirbheála; agus, i ngach cás, beidh an méid sin ar leith ó gach eisíoc iarbhír agus riachtanach agus de bhreis air.

CUID III: ACHOMHAIRC ÓN gCÚIRT CHUARDA.

O. 61, r. 12

Ítim

		Táille in- cheadaithe: mura luaitear aon suim, beidh méid na táille faoi rogha an Bhreithneora Costas Dlí mura bhforáiltear a mhalairt
1.	Teagasc i leith fógra achomhairc agus an fógra a ullmhú agus a thaisceadh, lena n-áirítear cóip lena seirbheáil	
2.	An céanna a sheirbheáil ar aturnae i gcás gan ach páirtí amháin a bheith le seirbheáil	
3.	As gach cóip bhreise a sheirbheálfar	
4.	Gach seirbheáil bhreise más ar aturnae a sheirbheálfar an céanna	
5.	Seirbheáil ar dhuine seachas aturnae	
6.	Teagasc i leith fógra athrúcháin agus an céanna a ullmhú agus a thaisceadh	
7.	An céanna a sheirbheáil ar aturnae i gcás gan ach páirtí amháin a bheith le seirbheáil	
8.	As gach cóip bhreise a sheirbheálfar	
9.	Gach seirbheáil bhreise más ar aturnae a sheirbheálfar an céanna	
10.	Seirbheáil ar dhuine seachas aturnae	

CUID IV: TÁILLÍ IS INÍOCTHA LE COIMISINÉIRÍ MIONNAÍ.

1.	Ar mhionnscríbhinn, dearbhasc nó dearbhú a thógáil	€10
2.	Ar fhoilseáin a mharcáil a mbeidh tagairt déanta dóibh sa chéanna agus a mbeidh ceangailte iad a mharcáil – ar gach foilseánach, ar na foilseáin go léir, gan dul thar	€2 €30
3.	Ar fhorghníomhú banna a fhianú	€10

CUID V: FOIRMEACHA IN OIFIG NA mBREITHNEOIRÍ COSTAS DLÍ.

Uimh. 1

O. 99, r. 23(1)

FÓGRA UM IARRATAS CHUN COSTAIS A BHREITHNIÚ
(PÁIRTÍ AGUS PÁIRTÍ)

[Cuir isteach teideal na caingne, na headrána nó de réir mar is cuí]

Costais a dámhadh d'A.B. mar Ghearánaí [nó de réir mar a bheidh] sna himeachtaí a bhfuil an teideal thuas orthu

BÍODH SEO INA FHÓGRA *go ndéanaimse/*go ndéanaimidne mar
*an duine a ndearnadh an t-ordú chun costais a íoc ina fhabhar/ina fabhar
*an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc

iarratas leis seo chuig Breithneoir Costas Dlí chun *[iomlán an bhille costas thuas] *[na hítimí/Codanna den bhille costas thuas arna marcáil ar an mbille costas atá i gceangal leis seo] agus a fuair *[mé] *[m'aturnaetha] ar an20... a bhreithniú

*Mar an duine a ndearnadh an t-ordú chun costais a íoc ina fhabhar/ina fabhar, deimhním go ndearna mé cóip den bhille costas a sheirbheáil ar an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc maille le hiarraidh na costais agus na hábhair nó na hítimí sa bhille costas a chomhaontú ar an20... agus

*ní dhearna an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc an bille costas a dhíospóid

*rinne an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc an bille costas a dhíospóid agus níorbh fhéidir an díospóid a réiteach i leith *na n-ábhar nó na n-ítimí go léir atá faoi dhíospóid *aon ábhair nó ítime de na hábhair nó na hítimí atá faoi dhíospóid sa bhille costas.

*Mar an duine is ábhar don ordú chun costais a íoc, deimhním go ndearna mé iarracht chun an bille costas a chomhaontú leis an duine a ndearnadh an t-ordú chun costais a íoc ina fhabhar/ina fabhar agus

*níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir le haon cheann de na hábhair nó na hítimí atá faoi dhíospóid sa bhille costas

*thángthas ar chomhaontú maidir le cuid de na hábhair nó na hítimí atá faoi dhíospóid sa bhille costas, ach níor thángthas ar chomhaontú maidir leo go léir.

Arna dhátú20.....

Arna shíniú

as

Do: an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí

Agus do

as

Seirbheáiltear leis an bhfógra iarratais seo:

(1) an bille costas san fhoirm fhorordaithe ina gcuirtear in iúl cár chomhaontaigh an freagróir aon ábhar nó ítim sa bhille costas;

(2) leabhrán innéacsaithe a bhfuil na leathanaigh uimhrithe ann agus ina bhfuil cóipeanna (a bhfuil deimhnithe iad a bheith ina gcóipeanna dílse de na cóipeanna bunaidh) de na dearbháin, na sonraisc agus/nó na hadmhálacha i leith gach eisíocaíochta atá éilithe sa bhille costas agus nach bhfuiltear tar éis í a chomhaontú, arna leagan amach sa seicheamh ina dtagraítear dóibh sa bhille costas agus crostagairtí iontu don bhille costas;

*(3) na taifid eile seo a leanas ar a bhfuil a sheasamh/a seasamh ag an iarratasóir mar thaca leis na costais/í gcoinne na gcostas atá éilithe, eadhon:

(4) cóip dháilis den ordú/de na horduithe ón gCúirt; de dhámhachtain(í) an eadránaí/na n-eadránaithe nó d'ordú nó d'ionstraim eile lena ndearnadh na costais a dhámhachtain nó a cheadú, eadhon:.....

*scrios i gcás nach n-oireann

[Don oifig amháin]

Is é20..... an dáta fillte tosaigh atá sannta don iarratas seo.

Ní foláir an t-iarratas ar bhreithniú a sheirbheáil ionas go bhféadfaidh 14 lá glan dul in éag idir lá na seirbheála agus an dáta fillte tosaigh.

Uimh. 2

O. 99, r. 23(1)

FÓGRA UM IARRATAS CHUN COSTAIS A BHREITHNIÚ
(DLÍ-CHLEACHTÓIR AGUS CLIANT)

Costais idir A.B. as dlí-chleachtóir agus C.D. as mar chliant

BÍODH SEO INA FHÓGRA *go ndéanaimse/*go ndéanaimidne

*mar dhlí-chleachtóir

*mar chliant

iarratas leis seo chuig Breithneoir Costas Dlí chun *[iomlán an bhille costas thuas] *[na hítimí/Codanna den bhille costas thuas arna marcáil ar an mbille costas atá i gceangal leis seo] a seoladh *chuig an gcliant *chugam ar an 20. a bhreithniú.

*Mar an cliant, deimhním

- (1) gur sheol mé ráiteas i scríbhinn chuig an dlí-chleachtóir lena mbaineann, á rá go ndearna mé gnéithe den bhille costas a dhíospóid mar a cheanglaítear le halt 153(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ar an20...
- (2) go ndearna mé bearta réasúnacha chun an díospóid maidir leis an mbille costas a réiteach de réir alt 153(2) agus/nó 153(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, agus
- (3) gur thug *mé/*an dlí-chleachtóir an tuairim i scríbhinn a luaitear in alt 153(3) den Acht sin gur theip ar an iarracht chun an díospóid maidir leis an mbille costas a réiteach ar an20...

*Mar an dlí-chleachtóir, deimhním

- (1) gur sheol an cliant ráiteas i scríbhinn chugam, á rá go ndearna *sé/*sí gnéithe den bhille costas a dhíospóid, a cheanglaítear le halt 153(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ar an20...;
- (2) go ndearna mé gach beart cuí réasúnach chun féachaint leis an díospóid a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil de réir alt 153(2) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015;
- (3) gur thug *mé/*an cliant an tuairim i scríbhinn a luaitear in alt 153(3) den Acht sin, gur theip ar an iarracht chun an díospóid maidir leis an mbille costas a réiteach, ar an20...;
- (4) go mbaineann an díospóid leis an ítim/na hítimí seo a leanas dá dtagraítear sa bhille costas agus leis an ábhar/na hábhair seo a leanas:
.

